AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 23.5.2013
COM(2013) 296 final

2013/0157 (COD)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

## lena mbunaítear creat maidir le rochtain ar an margadh seirbhísí calafoirt agus trédhearcacht airgeadais calafort

(Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE)

{SWD(2013) 181 final}
{SWD(2013) 182 final}
{SWD(2013) 183 final}

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### 1.1 Cúlra

Is ceann de na réigiúin is mó calafort ar domhan í an Eoraip. Ag an am céanna, tá an earnáil calafort ilchineálach agus ar ceann de phríomhthréithe na hearnála tá an éagsúlacht i gcineálacha agus i modhanna eagrúcháin. Urramaítear an éagsúlacht sin sa Rialachán seo agus ní fhéachann sé le samhail aonfhoirmeach a leagan síos do na calafoirt. Tá breis is 1200 calafort ag feidhmiú feadh tuairim is 70 000 km de chóstaí an Aontais. Sa bhliain 2011, chuaigh tuairim is 3.7 billiún tonaí lastais (níos mó ná 60 000 cuairt calafoirt ag longa trádála) trí chalafoirt Eorpacha.

Cé go bhfuil an AE ag brath go mór ar a chuid calafort chun trádáil a dhéanamh leis an gcuid eile den domhan, tá na calafoirt fíorthábhachtach freisin mar gheall ar a margadh inmheánach féin. Dá réir sin, is ionann an loingseoireacht gearrthurais agus 60 % de na tonaí a láimhseáiltear i gcalafoirt an AE. Is príomhmhoil iad na calafoirt do shlabhraí iompair idirmhódúla an AE a úsáideann an loingseoireacht gearrthurais mar rogha ar na bealaí iompair ar tír atá sáithithe agus mar shlí chun nasc a chruthú le limistéir fhorimeallacha agus oileáin.

Ó thaobh iompar paisinéirí de, láimhseáladh 385 milliún paisinéir mara i n2011 i gcalafoirt an AE.

Cuireann gníomhaíochtaí calafoirt go díreach le fostaíocht, infheistíocht isteach agus fás Olltáirgeachta Intíre (OTI). Faoi láthair fostaíonn 2 200 oibreoir calafoirt tuairim is 110 000 dugaire. Tríd is tríd, cuireann na calafoirt suas ar 3 mhilliún post (díreach agus indíreach) ar fáil sna 22 Ballstát muirí agus is príomhfhoinse ioncaim chánaigh iad do rialtais áitiúla, réigiúnacha nó náisiúnta.

Téann 96 % den lasta ar fad agus 93 % de phaisinéirí ar fad trí chalafoirt an AE trí na 319 gcalafort a sainíodh sa togra ón gCoimisiún i gcomhair Treoracha maidir leis an ngréasán tras-Eorpach iompair (TEN-T)[1].

### 1.2 Na Dúshláin

Cé go bhfuil an gá le forbairt ar naisc chúlchríche sainaitheanta go maith mar phríomhdhúshlán agus aghaidh tugtha air cheana féin tríd an mbeartas TEN-T, tá príomhdhúshláin eile chalafort TEN-T fós le réiteach. Ar an gcéad dul síos, is fíor a rá nach bhfuil an t-ardleibhéal céanna seirbhíse á thairiscint ag gach calafort TEN-T faoi láthair. Ar an dara dul síos, níl an creat rialachais calafoirt atá ann faoi láthair tarraingteach go leor i ngach cás d'infheisteoirí. Baineann an méid sin go léir le cúig chuspóir sonrach:

#### *1.2.1 Seirbhísí agus oibríochtaí nach bhfuil barrmhaith i roinnt calafort TEN-T.*

Tá seirbhísí éifeachtúla calafoirt ríthábhachtach d’fheidhmíocht na gcalafort TEN-T. Tá an Coimisiún, i dteannta na hearnála féin, tar éis trí shaincheist a shainaithint a d’fhéadfadh a bheith ag cur coisc le heagrú na seirbhísí calafoirt ar shlí bharrmhaith: (1) tá roinnt mhaith de na seirbhísí calafoirt faoi réir brú lag iomaíoch i ngeall ar shrianta ar rochtain ar an margadh; (2) monaplacht nó olagaplacht, cé go bhfuil bonn cirt leo i roinnt cásanna, d’fhéadfadh drochúsáid mhargaidh teacht astu agus (3) i roinnt calafort tá an t-ualach riaracháin rómhór ar a lucht úsáidte i ngeall ar easpa comhordaithe sna calafoirt.

---

[1] COM(2011) 650 final/2. Braithfidh uimhir dheireanach líon na gcalafort TEN-T ar an toradh a bheidh ar an nós imeachta reachtach atá ar siúl faoi láthair.

*1.2.2 Creataí i ndáil le rialachas calafoirt nach bhfuil tarraingteach go leor chun infheistíocht a spreagadh i ngach calafort TEN-T.*

Ní féidir na hinfheistíochtaí atá riachtanach chun toilleadh calafoirt a chur in oiriúint do na riachtanais athraitheacha a dhéanamh ach creat rialála agus beartais cobhsaí a bheith ann lena laghdófar neamhchinnteachtaí eacnamaíocha agus lena n-áiritheofar cothrom iomaíochta. Ní hamhlaidh atá, áfach, i ngach calafort TEN-T. Tá go leor cúiseanna leis: a) na neamhchinnteachtaí dlíthiúla arna gcruthú ag na srianta margaidh mar a léiríodh thuas agus b) an gá le pleanáil bonneagair níos fearr ar féidir a dhéanamh le rialacha níos déine TEN-T.

Ach tá dhá shaincheist bhunúsacha eile ann chun ná cúinsí neamhtharraingteacha ginearálta atá i roinnt mhaith calafort TEN-T faoi láthair a mhíniú: (4) caidrimh airgeadais dhoiléire idir udaráis phoiblí, údaráis chalafoirt agus soláthraithe seirbhísí calafoirt agus (5) uathriail lag na gcalafort muirir bhonneagair a shocrú agus an nasc le costais a bhaineann le rochtain ar bhonneagar calafort gan a bheith trédhearcach .

## 1.3 Cuspóir

Is é an cuspóir atá ann cur leis an sprioc d’fheidhmiú an TEN-T a bheadh níos éifeachtúla, idirnasctha agus inbhuanaithí trí chreat a chruthú lena gcuirfi feabhas ar fheidhmíocht gach calafort agus a chabhródh leo dul i ngleic leis na hathruithe sna riachtanais iompair agus lóistíochta. Ní mór do chalafoirt TEN-T cabhrú chun an trácht loingseoireachta gearrthurais a fhorbairt mar chuid de bhealaí idirmhódúla, ag cur dá réir sin le hiompar inbhuanaithe, ceann de phríomhspriocanna an Pháipéir Bháin maidir le hIompar, agus cur le straitéis 2020 an AE maidir le fás a bheadh tíosach ar acmhainní a spreagfaidh fás trádála agus lastais.

Áirithítear leis an tionscnamh sin go mbeidh cur chuige cothrom idir beart reachtach agus cur chuige bog, arna léiriú leis an Idirphlé Sóisialta. Toradh is ea é seo ar chomhairliúchán dian agus ábhartha leis na páirtithe leasmhara a raibh deis lena linn an Rialachán a dhíriú ar bhearta lena ngabhann breisluach ard AE. Leis an Rialachán spárálfar ualach breise ar na calafoirt sin atá ag feidhmiú go maith agus cruthófar na dálaí do chalafoirt eile chun dul i ngleic lena ndúshláin struchtúracha.

## 1.4 Comhchuibheas le beartais agus cuspóirí eile an AE

Luíonn an togra leis an mbeartas a d'fhógair an Coimisiún sa Pháipéar Bán maidir le hIompar (2011) agus a fógraíodh go sainráite faoin gceannteideal Limistéar Eorpach Iompair Aonair agus rochtain ar chalafoirt. Léirítear go soiléir sa Pháipéar Bán rún an Choimisiúin athbhreithniú a dhéanamh ar shrianta ar sholáthairtí seirbhísí calafoirt agus trédhearcacht mhaoiniú na gcalafort a fheabhsú, ag soiléiriú cheann scríbe an chistiúcháin phoiblí do na gníomhaíochtaí éagsúla calafoirt, d’fhonn aon saobhadh ar iomaíocht a sheachaint. Sainíodh an togra mar cheann de phríomhghníomhaíochtaí an Ghnímh um an Margadh Aonair II freisin, agus cuirfidh sé le comhlánú Mhargadh Aonair na hEorpa.

Leis an togra comhlánaítear agus forlíontar beartais atá i bhfeidhm faoi láthair nó tograí a rinneadh cheana: na tograí i ndáil leis na treoirlínte maidir leis an ngréasán tras-Eorpach iompair agus an Áis um Nascadh na hEorpa lena bhforáiltear creat chun tacú le forbairt nasc cúlchríche le calafoirt, an togra le haghaidh Treorach maidir le conarthaí lamháltais a dheonú a bhaineann le conarthaí lamháltais i gcalafoirt agus an obair ullmhucháin ar thionscnamh Chreas Gorm a dhíríonn ar shimpliú a dhéanamh ar na nósanna imeachta custaim a chuirtear i bhfeidhm ar earraí an AE arna n-iompar ag soithigh a thagann isteach i gcalafoirt an AE.

Baineann an togra le gach calafort TEN-T toisc, mar chalafoirt, go bhfuil ról suntasach acu go léir sa chóras Eorpach iompair bíodh sin ag éascú na malartuithe idir na Ballstáit nó ag feabhsú na hinrochtaineachta réigiúnaí do limistéir forimeallacha agus oileáin. Ní foláir a dhearbhú, áfach, go mbaineann na prionsabail maidir le neamh-idirdhealú agus saoirse

bunaíochta an Chonartha ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus na rialacha iomaíochta leis na calafoirt eile freisin, agus cé nach bhfuil siad sa ghréasán tras-Eorpach d’fhéadfadh ról tábhachtach a bheith acu ar an leibhéal áitiúil nó d’earnálacha eile seachas iompar, amhail iascaireacht nó turasóireacht. Féadfaidh na Ballstáit an cinneadh a dhéanamh freisin foráil an Rialacháin seo atá beartaithe a chur i bhfeidhm ar na calafoirt sin.

## 2. TORTHAÍ COMHAIRLIÚCHÁN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS MEASÚNUITHE TIONCHAIR

### 2.1 Comhairliúchán leis na páirtithe leasmhara

Chothaigh DG MOVE idirphlé leis na húdaráis náisiúnta atá i bhfeighil bheartas na gcalafort (Aireachtaí Iompair). Reachtáladh cruinnithe leis na príomhchomhlachais tionscail san earnáil calafoirt, *inter alia*: údaráis chalafoirt (ESPO), oibreoirí príobháideacha críochfort (FEPORT), calafoirt intíre (EFIP), úinéirí longa (ECSA), píolótaí (EMPA), úinéirí agus oibreoirí tugaí (ETA), oibreoirí múrála (EBA), gníomhairí long (ECASBA), lastóirí (ESC), dreidirí (EuDA) agus oibreoirí lóistíochta (CLECAT). Reachtáil DG MOVE cruinnithe leis an dá phríomh-Cheardchumann d'oibreoirí calafoirt freisin: Comhairle Idirnáisiúnta na nDugairí (IDC) agus rannóg na ndugairí de Chónaidhm Oibrithe Iompair na hEorpa (ETF). Níor féadadh dul i gcomhairle le coiste earnálach idirphlé sóisialta toisc go bhfuil sé sin fós á chur ar bun.

Tacaíodh leis an obair ullmhúcháin le staidéar eacnamaíoch maidir le caighdeán agus éifeachtúlacht na gcalafort Eorpach (PwC). Tugadh aird san obair ar thaighde forleathan a rinneadh ar gheilleagair iompair, calafoirt agus lóistíocht agus bhí roinnt mhaith pléití le saineolaithe tionscail agus taighde i gceist.

Chuathas i gcomhairle go forleathan le páirtithe leasmhara trí bhíthin dhá shuirbhé ar líne agus comhdháil oscailte páirtithe leasmhara a reachtáladh thar dhá lá sa Bhruiséil (25 agus 26 Meán Fómhair 2012). Ar an 18 Eanáir 2013, reachtáladh éisteacht phoiblí spriocdhírithe dheireanach, áit ar cuireadh na príomhfhadhbanna i láthair agus ar pléadh roghanna beartais agus an tionchar a d’fhéadfadh a bheith acu. Is féidir achoimre a dhéanamh ar phríomhthorthaí an phróisis chomhairliúcháin (2012-2013) mar seo a leanas:

– Leag gach páirtí leasmhar béim ar an ngá atá le cobhsaíocht agus le cothrom iomaíochta san AE idir calafoirt (iomaíocht idir calafoirt) agus laistigh de chalafort (iomaíocht idir soláthraithe na seirbhíse calafoirt céanna laistigh de chalafort). Tá an gá le deimhneacht dhlíthiúil agus timpeallacht chairdiúil gnó lena laghad ualaigh riaracháin agus is féidir mar thosaíocht ag gach páirtí leasmhar.

– Is mór an chúis imní atá ann maidir le hiomaíocht éagórach idir calafoirt atá nasctha le cleachtais chistiúcháin phoiblí i ndáil le bonneagair calafoirt. Iarrann na Ballstáit agus údaráis chalafort an-smacht ar chabhair stáit .

– Measann líon suntasach de lucht úsáidte seirbhísí calafoirt, cuideachtaí loingseoireachta agus tionscail onnmhairithe-allmhairithe nach bhfuil na seirbhísí calafoirt sásúil i roinnt mhaith calafort san AE ó thaobh praghais, cáilíochta nó ualaigh riaracháin de.

– Measann 30 % d'údaráis Eorpacha chalafort nach bhfuil cúrsaí mar atá faoi láthair sásúil. Mar sin féin, cuireann a bhformhór i gcoinne nósanna imeachta an AE a thabhairt isteach lena gcuirfí teorainn le hinniúlachtaí údarás poiblí conarthaí agus ceadanna a dheonú ar oibreoirí seirbhísí calafoirt trí dhámhachtain dhíreach. Tá sé thar a bheith conspóideach i mBallstáit áirithe rialacha lamháltais an AE a chur i bhfeidhm ar chonarthaí áirithe a deonaíodh i gcalafoirt.

– Cuireann ceardchumainn na n-oibreoirí calafoirt go láidir i gcoinne fhoráil ar bith de chuid an AE a chuirfeadh isteach ar chórais lucht oibre na gcalafort atá ann cheana i mBallstáit áirithe. Áitíonn ionadaithe na seirbhísí píolótaíochta nach seirbhís eacnamaíoch í an phíolótaíocht, cé go ndéantar í i gcomhair luacha saothair, agus gur cheart í a eisiamh ón mbrú iomaíoch.

– Tá an chuid is mó de na páirtithe leasmhara ar aon fhocal i leith mar a chaithfidh córas calafoirt an AE athrú agus forbairt i ngeall ar na dúshláin shuntasacha atá ann i ndáil le hacmhainní cistiúcháin a bheith gann, iomaíochas vis à vis calafoirt i dtríú tíortha comharsanacha agus i réigiúin eile ar fud an domhain, cruthú breisluacha agus post chomh maith le déileáil le tionchar ar an gcomhshaol. Tá siad ar aon fhocal ar a thábhachtaí is atá sé caiteachas cistiúcháin an AE a áirithiú, agus a mhéadú más féidir, mar thaca le calafoirt agus muiriompar.

### 2.2 Measúnú tionchair

Aithníodh cúig chuspóir oibriúcháin sa Mheasúnú Tionchair maidir leis an dá phríomhdhúshlán a sainaithníodh thuas.

*2.2.1 Seirbhísí agus oibríochtaí calafoirt a nuachóiriú:*

Ar an gcéad dul síos, trí sheirbhísí agus oibríochtaí calafoirt a bharrfheabhsú, ba cheart go bhféadfadh roinnt calafort TEN-T níos mó lastais agus paisinéirí a láimhseáil nó a mhealladh leis an mbonneagar atá ann cheana. Is féidir trí chuspóir oibriúcháin a bhaint as an méid sin:

(1) Rochtain ar an margadh seirbhísí calafoirt a shoiléiriú agus a éascú:

Ba cheart go laghdódh sé sin na srianta ar rochtain ar an margadh seirbhísí calafoirt agus na neamhchinnteachtaí dlíthiúla atá ann faoi láthair a eascraíonn ó rialacha cothrománacha ón gConradh agus maidir le soláthar poiblí á soiléiriú agus á gcosc ag an am céanna .

(2) Drochúsáid mhargaidh ag soláthraithe ainmnithe seirbhísí calafoirt a chosc:

Ba cheart go n-áiritheodh sé sin go bhféadfadh na soláthraithe ainmnithe seirbhísí a seirbhísí a thairiscint ar shlí a bheadh éifeachtúil ó thaobh costais de agus iad ag leanúint orthu a ról a chomhlíonadh agus a misean seirbhíse poiblí más féidir, go háirithe sna réimsí sábháilteachta, slándála agus comhshaoil.

(3) Sásraí comhordaithe i gcalafoirt a fheabhsú:

Ba cheart go n-éascódh sé sin oibríochtaí rianúla do ghníomhairí long, oibreoirí lóistíochta agus úinéirí lastais, ag laghdú an méid ama agus airgid a bheadh ag teastáil agus an calafort á úsáid. Ba cheart go rachadh an iarracht chomhordaithe chun leas na n-oibreoirí atá bunaithe sa chalafort, ag éascú sineirgíochtaí agus ag seachaint dúbailte ar na hiarrachtaí chun freastal ar na custaiméirí céanna.

*2.2.2 Dálaí a chruthú chun infheistíochtaí sna calafoirt a mhealladh:*

Ar an dara dul síos, le níos mó trédhearcachta airgeadais agus uathrialach calafort ba cheart go gcruthófaí cothrom iomaíochta, go spreagfaí muirearú níos éifeachtúla, agus ar deireadh go meallfaí tuilleadh infheistíochtaí. Is féidir dhá chuspóir bhreise oibriúcháin a bhaint as sin :

(4) Na caidrimh airgeadais idir udaráis phoiblí, údaráis chalafoirt agus soláthraithe seirbhísí calafoirt a bheith trédhearcach:

Ba cheart go n-áiritheodh sé sin trédhearcacht airgeadais idir feidhmeanna údarás poiblí agus oibríochtaí tráchtála chun cosc a chur ar chalafoirt agus soláthraithe seirbhísí aon leas a bhaint as buntáistí iomaíocha éagóracha.

(5) A áirithiú go socraítear muirir ar bhonneagair calafoirt ar bhealach trédhearcach agus go huathrialaitheach:

Ba cheart go mbainfeadh sé sin úsáid níos éifeachtúla bonneagair amach agus réasúntacht eacnamaíoch níos fearr ó thaobh pleanála, infheistíochta, cothabhála, agus oibriú na mbonneagar calafoirt, agus comharthaí praghais sochaíocha agus timpeallachta á gcumasú ag an am céanna.

Ar an mbonn sin rinneadh 4 rogha beartais a mheas:

(6) Pacáiste Beartais 1: "Trédhearcacht"

Baineann Pacáiste Beartais 1 (PB1) le beart bog (teachtaireacht neamhcheangailteach) chun rochtain ar mhargadh na seirbhísí calafoirt a shoiléiriú agus a éascú. Tugtar isteach forálacha ceangailteacha, áfach, i gcúinsí monaplacha nó olagaplacha: sna cásanna sin ba cheart go mbeadh na seirbhísí faoi réir maoirseachta praghais chun muirearú iomarcach nó idirdhealaitheach a sheachaint. Fágtar maoiniú agus socrú na muirear calafoirt faoi na húdaráis inniúla ach trédhearcacht bhunúsach mar choinníoll ann. Ráthaíonn coiste úsáideoirí calafoirt comhordú na seirbhísí laistigh den chalafort.

(7) Pacáiste Beartais 2: "Iomaíocht rialáilte''

Le Pacáiste Beartais 2 (PB2) tugtar isteach prionsabal na saoirse chun seirbhísí a chur ar fáil faoi scéim i ndáil le rochtain rialáilte ar an margadh. Faoin rochtain rialáilte sin ar an margadh, is féidir srian a chur leis an tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar nuair a dhlíonn easpa spáis i limistéar an chalafoirt nó hoibleagáidí seirbhíse poiblí ( infhaighteacht, inrochtaineacht, etc.) é. I gcásanna den sórt sin, cuirtear seirbhísí atá nuasannaithe agus nua-ainmnithe faoi réir iarratais phoiblí ar thairiscint agus i gcás oibriúchán inmheánach, ní mór go mbeadh an tseirbhís fós teoranta. Tá seirbhísí i gcúinse monaplach nó olagaplach faoi réir maoirseachta praghais. Déantar freastal ar thrédhearcacht na gcaidreamh airgeadais idir údaráis phoiblí, údaráis chalafoirt agus soláthraithe seirbhísí calafoirt trí bhíthin cuntas scartha agus tá rialacha ann lena nasctar socrú na muirear ar bhonneagar calafoirt le fíorchostais. Coiste úsáideoirí calafoirt a dhéanann comhordú ar na seirbhísí laistigh den chalafort.

(8) Pacáiste Beartais 2a: "Iomaíocht rialáilte agus uathriail calafoirt''

Is éard atá i PB2a ná PB2 leis na héagsúlachtaí seo a leanas:

I gcás na hoibleagáide rochtain a bheith ar fáil ar iarratas poiblí ar thairiscint i gcás srianta spáis nó oibleagáidí i ndáil le seirbhís phoiblí, baineann an oibleagáid sin ní amháin le conarthaí nua ach le hathruithe substaintiúla ar chonarthaí atá ann cheana féin chomh maith. Tá an mhaoirseacht rialála ar sholáthraithe seirbhíse i gcás monaplachta níos teoranta ó thaobh raon feidhme de: ní bhaineann sé ach le margaí nach féidir dul san iomaíocht leo, i.e. na margaí sin nach n-eagraítear aon iarratas oscailte ar thairiscint dóibh. Tugtar uathriail níos mó do chalafoirt: maidir le muirearú ar bhonneagar, seachas muirir a bheadh nasctha le costais iarbhír a fhorchur, tugtar an ceart do gach calafort féin struchtúr agus leibhéal na dtáillí calafoirt a shocrú, ar choinníoll go mbeidh an beartas muirearaithe trédhearcach. Spreagann an tionscnamh difreáil freisin de réir feidhmíochta comhshaoil na long nó na mbreoslaí.

(9) Pacáiste Beartais 3: "Iomaíocht iomlán agus uathriail calafoirt''

Tógann PB3 ar PB2 trína cheangal go mbeidh dhá oibreoir iomaíocha neamhspleácha breise ar a laghad do gach seirbhís calafoirt i gcás ina bhfuil teorainn le líon na n-oibreoirí ceal spáis. Bheadh scaradh feidhmiúil/dlíthiúil ann freisin. Méadú ar líon na ngníomhairí calafoirt a bheadh mar thoradh ar an scaradh sin: lena áirithiú go leanfaidh an calafort ar aghaidh ag feidhmiú, bheadh sé riachtanach príomhról comhordúcháin na n-údarás calafoirt a neartú.

Amhail PB2a, bheadh ar chumas gach údarás calafoirt struchtúr agus leibhéal na dtáillí bonneagair a chinneadh i gcomhréir lena gcleachtas tráchtála féin.

Tar éis anailísiú a dhéanamh ar na roghanna difriúla agus ar an tionchar féideartha, bhain an Coimisiún de thátal as gurb í rogha PB2a ab fhearr le hathróg i ndáil le seirbhísí láimhseála lastais agus seirbhísí paisinéirí. Níl aon ghá le forálacha dlíthiúla nua a bheartú maidir le bearta a bhaineann le rochtain ar mhargadh na láimhseála lastais agus seirbhísí paisinéirí. Déanfar soiléiriú ar rialacha agus ceanglais atá ann cheana i dTeachtaireacht. Bheadh na rialacha ar mhaoirseacht rialála ar phraghas na soláthraithe seirbhíse i gcás monaplachta nó olagaplachta, agus ar thrédhearcacht cuntas i bhfeidhm, áfach, ar sheirbhísí láimhseála lastais agus ar sheirbhísí paisinéirí.

Cuirtear béim ar na leasanna féideartha sa mheasúnú tionchair i dtéarmaí coigiltis ar chostais (EUR 10 billiún go dtí 2030), forbartha na loingseoireachta gearrthurais agus brú tráchta ar na bóithre a laghdú agus poist a chruthú. Tugtar le fios sa mheasúnú tionchair nach dtagann athruithe suntasacha díreacha de thoradh athraithe ar ualaí riaracháin i gcalafoirt. Laghdófar na costais riaracháin ar chalafoirt nuair a bheidh saoirse acu seirbhísí a sholáthar, cé go bhféadfadh dua nua riaracháin bheith de dhíth de thoradh maoirseachta ar phraghsanna agus comhairliúcháin úsáideoirí i gcásanna áirithe. Ach is ceart a lua go gcuirfidh an togra seo go hindíreach leis an simpliúchán nuair a chuirfear deireadh le srianta. Molfar a thuilleadh iarrachtaí simpliúcháin freisin sa tionscnamh dar teideal an Crios Gorm a bheidh le teacht amach anseo.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN TOGRA

### 3.1 Achoimre ar na bearta atá beartaithe

Tá na príomheilimintí seo a leanas sa togra:

– Beidh feidhm ag an Rialachán maidir le gach calafort arna sainiú sa togra ón gCoimisiúin maidir le Treoirlínte Aontais maidir le gréasán tras-Eorpach iompair.

– Beidh saoirse chun seirbhísí a sholáthar infheidhme i ndáil le seirbhísí calafoirt. Féadfaidh comhlachtaí bainistíochta calafoirt íoscheanglais a fhorchur ar sholáthraithe sainseirbhísí calafoirt. Nuair a bheidh na ceanglais sin i bhfeidhm, le cáilíochtaí gairmiúla amháin a bhainfidh siad, leis an trealamh riachtanach nó le sábháilteacht mhuirí, sábháilteacht ghinearálta agus slándáil sa chalafort agus le ceanglais chomhshaoil ábhartha. Níor cheart na ceanglais s a úsáid chun bacainní intuigthe margaidh a thabhairt isteach agus dá bhrí sin ba cheart do na critéir a bheith oibiachtúil agus comhréireach lena n-áiritheofaí go gcaithfear go cothrom le gach oibreoir, idir oibreoirí atá ann cheana agus oibreoirí féideartha. Ba cheart rochtain a bheith ag oibreoirí féideartha ar oiliúint chun saineolas áitiúil ábhartha a fháil.

– Ní chuirfear an fhoráil thuasluaite i bhfeidhm ar sheirbhísí láimhseála lastais ná ar chríochfoirt paisinéirí. Is minic a eagraítear na seirbhísí seo trí bhíthin conarthaí lamháltais a thagann faoi raon feidhme na Treorach atá le teacht maidir le conarthaí lamháltais a thabhairt arna beartú ag an gCoimisiún[2]. Thairis sin, d'fhéadfaí an bonn a bhaint de na hiarrachtaí atá á ndéanamh maidir le hIdirphlé Sóisialta a bhunú ar leibhéal an Aontais. Ní hionann agus seirbhísí píolótaíochta ag dul isteach agus ag imeacht amach ó chalafoirt, níl tionchar díreach ag seirbhísí píolótaíochta a dhéantar

[2] COM (2011) 897 final.

amuigh ar an bhfarraige mhór ar éifeachtúlacht an chalafoirt agus dá bhrí sin ní gá iad a áireamh sa Rialachán seo.

– Nuair is ábhartha, d'fhéadfaí an tsaoirse a luadh maidir le seirbhísí a sholáthar a theorannú ó thaobh líon na soláthraithe seirbhíse de. Ba cheart an teorannú sin a bheith bunaithe ar dhá ghné: i gcás srianta spáis nó áirithinte lena bhféadfaí bonn cirt a thabhairt le teorannú a dhéanamh ar líon na n-oibreoirí atá gníomhach laistigh den chalafort má tá doiciméadú déanta go soiléir orthu i bplean foirmiúil forbartha calafoirt, nó i gcás oibleagáide seirbhíse poiblí arna forchur ar oibreoir agus ar ceart a aidhm a bheith soiléir agus ar fáil go poiblí.

– Ba cheart go mbeadh sé ar chumas Ballstáit údaráis inniúla a ainmniú chun oibleagáid seirbhíse poiblí a fhorchur, i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme maidir le Státchabhair. Ní mór oibleagáidí seirbhísí poiblí a bheith sainithe go soiléir, trédhearcach, neamh-idirdhealaitheach agus infhíoraithe agus ní mór dóibh bheith bainteach le hinfhaighteacht (gan bhriseadh), le hinrochtaineacht (do gach úsáideoir) nó le hinacmhainneacht (catagóirí áirithe úsáideoirí) na seirbhíse calafoirt.

– I gcás ina bhforchuireann údarás inniúil oibleagáidí seirbhíse poiblí i gcalafort nó i roinnt chalafort beidh an deis ag an údarás sin sainseirbhísí calafoirt a eagrú agus saothrú tráchtála a dhéanamh orthu é féin ar choinníoll go ndéantar a ghníomhaíocht a theorannú don chalafort nó do na calafoirt ina bhforchuireann sé oibleagáidí seirbhíse poiblí.

– Ba cheart cearta fostaithe a chosaint agus ba cheart an rogha a bheith ag na Ballstáit na cearta sin a threisiú i gcás aistriú gnóthas agus na foirne lena mbaineann a bhí ag obair don seanghnóthas.

– I gcás ina mbíonn comhlachtaí bainistíochta an chalafoirt á maoiniú ag cistí poiblí, déanfar cuntasaíocht thrédhearcach chun úsáid éifeachtach agus oiriúnach na gcistí poiblí sin a léiriú.

– I gcás nach bhfuil soláthraithe seirbhísí calafoirt ainmnithe faoi réir nós imeachta tairisceana oscailte poiblí agus i gcás oibreoirí inmheánacha, ba cheart a áirithiú go mbíonn praghas na seirbhíse trédhearcach, neamh-idirdhealaitheach agus go leagtar síos é i gcomhréir le gnáthchoinníollacha an mhargaidh, go háirithe ar bhealach a áirithíonn nach dtéann na muirir iomláin thar iomlán na gcostas a tabhaíodh móide brabús réasúnta.

– Saineoidh comhlachtaí bainistíochta an chalafoirt muirir ar bhonneagar calafoirt ar bhealach uathrialach i gcomhréir lena straitéis tráchtála agus infheistíochta féin.

– Is féidir éagsúlacht a bheith i gceist le muirir ar bhonneagar calafoirt i gcomhréir le cleachtais tráchtála a bhaineann le húsáid rialta an chalafoirt, nó chun úsáid níos éifeachtúla a bhaint as bonneagar an chalafoirt, loingseoireacht ghearrthurais nó ardleibhéal feidhmíochta comhshaoil, éifeachtúlacht ó thaobh fuinnimh nó carbóin d'oibríochtaí iompair a chur chun cinn.

– Bunófar coiste comhairleach úsáideoirí calafoirt i ngach calafort. Tabharfaidh an coiste seo le chéile ionadaithe na n-oibreoirí soithí uisce iompartha, úinéirí lastais nó úsáideoirí calafort eile a n-iarrtar orthu muirear ar bhonneagar nó muirear ar sheirbhís chalafoirt a íoc. Rachfar i gcomhairle leis an gcoiste seo i ndáil le struchtúr agus leibhéal na muirear calafort agus i gcásanna áirithe i ndáil leis na muirir ar sheirbhísí calafoirt.

– Rachaidh comhlacht bainistíochta an chalafoirt i gcomhairle le páirtithe leasmhara amhail gnóthais atá bunaithe sna calafoirt, soláthraithe seirbhísí calafort, agus le húsáideoirí calafoirt ar cheisteanna amhail comhordú seirbhísí calafoirt, naisc chúlchríche nó nósanna imeachta riaracháin.

– Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh comhlacht maoirseachta neamhspleách faireachán agus maoirseacht ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo. Is féidir le comhlacht atá ann cheana a bheith ina chomhlacht maoirseachta. Malartóidh na comhlachtaí maoirseachta neamhspleácha náisiúnta éagsúla faisnéis faoina gcuid oibre agus faoina bprionsabail agus cleachtais cinnteoireachta agus beidh dlúthchomhar eatarthu chun críocha cúnaimh fhrithpháirtigh lena gcúraimí.

### 3.2 Bunús dlí

Is é Airteagal 100 (2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh bunús dlí an togra seo.

### 3.3 Prionsabal na coimhdeachta

Le hAirteagail 58, 90 agus 100 de Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh tugtar do na calafoirt na cuspóirí a bhaineann le fíormhargadh inmheánach i gcomhthéacs an Chomhbheartais Iompair.

Is de thoradh trádála idir na Ballstáit nó ar leibhéal idirnáisiúnta a thagann an sciar is mó ar fad den trádáil ar muir a láimhseáiltear i gcalafoirt TEN-T. Tá feidhm shoiléir ag calafoirt san Eoraip: tagann nó imíonn, ar muir nó ar tír, tona amháin as gach dá thona, go neasach, den lastas a láimhseáiltear i gcalafoirt ó Bhallstát nach ionann é agus an Ballstát ina raibh an calafort trínar ghabh na hearraí ar idirthurais[3]. Ní leor bearta ó na Ballstáit amháin cothrom iomaíochta a áirithiú laistigh de mhargadh inmheánach an AE, ná ní féidir leo ach oiread gníomhaíochtaí a dhéanamh chun feidhmíocht na gcalafort atá lonnaithe ar an gConair tras-Eorpach céanna, ach i mBallstát eile, a fheabhsú.

Dá bhrí sin, in ainneoin chineál sonrach na hearnála calafoirt agus a staire agus a cultúir sheanbhunaithe, de thoradh cúiseanna margaidh inmheánaigh, tionchar an ghréasáin agus gné idirnáisiúnta na hearnála calafoirt, tá an togra atá beartaithe i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta.

### 3.4 Prionsabal na comhréireachta

Calafoirt de chuid TEN-T amháin a chumhdaítear leis an Rialachán seo. Áiritheofar comhréireacht leis seo sa mhéid is go seachnófar leis aon rialacha nach bhfuil gá leo a fhorchur ar chalafoirt bheaga nach bhfuil ról suntasach acu sa chóras iompar Eorpach. Ar an taobh eile de, is sna calafoirt TEN-T a bhíonn tromlach mór na tráchta agus dá bhrí sin tá ríthábhacht leo don mhalartú trádála idirnáisiúnta agus laistigh den Eoraip, agus dá bhrí sin do mhargadh inmheánach na hEorpa, agus/nó comhtháthú laistigh den AE. Thairis sin, tá calafoirt TEN-T incháilithe do mhaoiniú ón AE.

Níl an raon feidhme teoranta do na príomhchalafoirt amháin ionas go seachnófaí an baol saobhadh iomaíochta a chruthú idir na príomhchalafoirt agus calafoirt TEN-T eile. Thairis sin, le feidhmiú éifeachtúil an ghréasáin a bhaint amach teastaíonn gréasán de príomhchalafoirt (mol de ghnáth) agus calafoirt TEN-T nach príomhchalafoirt iad don daileadh réigiúnach.

---

[3] Mar thoradh ar thrádáil idir na Ballstáit agus trádáil idir Ballstát agus tír nach bhfuil san AE trí Bhallstát eile.

### 3.5 Rogha ionstraime

Cé gurb iad na Ballstáit, agus na húdaráis phoiblí áitiúla agus réigiúnacha na príomhghníomhairí de ghnáth i bhforbairt agus i mbainistiú an bhonneagair calafoirt, tá athrú ag teacht ar an staid seo de réir a chéile. Tá oibreoirí iompair, comhlachtaí agus eintitis phoiblí uathrialacha chomh maith le heintitis phoiblí agus phríobháideacha eile ina bpríomhghníomhairí anois i bhforbairt, i mbainistiú agus in eagrú calafort. Dá bhrí sin, tá sé tábhachtach a áirithiú go mbeidh an reachtaíocht seo maidir le rochtain ar an margadh seirbhísí calafoirt agus trédhearcacht airgeadais calafort infheidhme go ginearálta. Ina dteannta sin, chun cur chun feidhme aonfhoirmeach, forfheidhmiú agus cothrom iomaíochta sa mhargadh inmheánach a áirithiú ba cheart an reachtaíocht a bheith ina cheangal go huile agus go hiomlán. Dá bhrí sin, tá an Coimisiún tar éis Rialachán a roghnú mar an ionstraim dlí oiriúnach don togra seo. Seachnófar leis seo chomh maith ualach breise riaracháin ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún.

### 3.6 An Limistéar Eorpach Eacnamaíoch

Baineann an Rialachán atá beartaithe le hábhar de chuid LEE agus, dá bhrí sin, ba cheart go gcuimseofaí an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch leis.

2013/0157 (COD)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

## lena mbunaítear creat maidir le rochtain ar an margadh seirbhísí calafoirt agus trédhearcacht airgeadais calafort

(Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 100(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún,

Tar éis an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[4],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[5],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Tá gá le comhtháthú calafort i slabhraí lóistíochta agus iompair gan uaim chun cur le fás agus le húsáid agus feidhmiú níos éifeachtúla an ghréasáin iompair thras-Eorpaigh agus an mhargaidh inmheánaigh. Éilítear leis sin seirbhísí calafoirt nua-aimseartha lena gcuirtear le húsáid éifeachtúil calafort agus timpeallacht atá oiriúnach d'infheistíochtaí chun calafoirt a fhorbairt i gcomhréir leis na riachtanais iompair agus lóistíochta atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo.

(2) Sa Teachtaireacht maidir leis an nGníomh um an Margadh Aonair II – Le chéile ar mhaithe le fás nua[6], mheabhraigh an Coimisiún go bhfuil tarraingteacht iompair mhuirí ag brath ar infhaighteacht, éifeachtúlacht agus iontaofacht seirbhísí calafoirt agus ar an ngá atá le haghaidh a thabhairt ar cheisteanna maidir le trédhearcacht cistithe phoiblí agus muirear calafoirt, iarrachtaí ar shimpliú riaracháin i gcalafoirt agus athbhreithniú ar shrianta maidir le soláthar seirbhísí ag calafoirt.

(3) Le héascú rochtana ar an margadh seirbhísí calafoirt ar leibhéal an Aontais agus le tabhairt isteach trédhearcachta airgeadais agus uathrialach calafort feabhsófar cáilíocht agus éifeachtúlacht na seirbhíse arna cur ar fáil d'úsáideoirí an chalafoirt agus cuirfear le timpeallacht atá níos oiriúnaí d'infheistíochtaí i gcalafoirt, agus ar an gcaoi sin laghdófar na costais ar úsáideoirí iompair agus beifear in ann loingseoireacht ghearrthurais a chur chun cinn agus iompair mhuirí a chomhtháthú níos fearr le hiompar iarnróid, uiscebhealaí intíre agus bóthair.

[4] IO C , , lch. .
[5] IO C , , lch. .
[6] COM(2012) 573 final (3.10.2012)

(4) Téann tromlach mór mhuirthrácht an Aontais trí chalafoirt an ghréasáin iompair thras-Eorpaigh. Chun cuspóir an Rialacháin seo a bhaint amach ar bhealach comhréireach gan aon ualach nach gá a chur ar chalafoirt eile, ba cheart go mbeadh feidhm ag an Rialachán seo maidir le calafoirt an ghréasáin iompair thras-Eorpaigh; tá ról tábhachtach ag gach calafort acu sin i ndáil leis an gcóras iompair Eorpach mar bíonn sé ag plé le níos mó ná 0.1 % de lastas iomlán an AE nó de líon iomlán na bpaisinéirí, nó feabhsaíonn sé an inrochtaineacht réigiúnach ar cheantair oileán nó imeallacha, gan dochar, áfach, don fhéidearthacht go gcinnfeadh na Ballstáit an Rialachán seo a chur i bhfeidhm maidir le calafoirt eile freisin. Ní bhíonn tionchar díreach ag seirbhísí píolótaíochta arna ndéanamh sa domhainfharraige ar éifeachtúlacht calafort mar ní úsáidtear iad le teacht isteach go díreach sna calafoirt ná le himeacht go díreach uathu agus, dá bhrí sin, ní gá iad a chur san áireamh sa Rialachán seo.

(5) Is é cuspóir Airteagal 56 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh deireadh a chur leis na srianta ar an tsaoirse chun seirbhísí a chur ar fáil san Aontas. I gcomhréir le hAirteagal 58 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ba cheart é sin a bhaint amach faoi chuimsiú chreat fhorálacha an Teidil a bhaineann le hiompar, Airteagal 100(2) go háirithe.

(6) Rialáiltear i roinnt Ballstát ar chúiseanna sábháilteachta nó sóisialta an féinsoláthar seirbhíse ina bhfostaíonn cuideachtaí loingseoireachta nó soláthraithe seirbhísí calafoirt foireann dá rogha féin agus ina soláthraíonn siad seirbhísí calafoirt dóibh féin. Maidir le hallúntas ginearálaithe an fhéinsoláthair seirbhíse ar leibhéal an Aontais a fhorchur, thug na páirtithe leasmhara lena ndeachaigh an Coimisiún i gcomhairle agus é ag ullmhú an togra chun suntais go mbeadh gá le tuilleadh rialacha maidir le ceisteanna sábháilteachta agus sóisialta chun tionchair dhiúltacha a d'fhéadfadh a bheith ann sna réimsí sin a sheachaint. Dá bhrí sin, is cosúil gurb iomchuí ag an bpointe seo gan an cheist sin a rialáil ar leibhéal an Aontais agus é a fhágáil faoi na Ballstáit féinsoláthar seirbhísí calafoirt a rialáil nó gan é a rialáil. Dá bhrí sin, níor cheart go gcumhdófaí sa Rialachán seo ach soláthar seirbhísí calafoirt le haghaidh luacha saothair.

(7) Ar mhaithe le bainistíocht chalafoirt a bheadh éifeachtúil, sábháilte agus slán ó thaobh an chomhshaoil de, ba cheart go mbeadh comhlacht bainistíochta an chalafoirt in ann a chur de cheangal ar sholáthraithe seirbhísí calafoirt a thaispeáint go gcomhlíonann siad na híoscheanglais chun an tseirbhís a dhéanamh mar is iomchuí. Ba cheart go mbeadh na híoscheanglais sin teoranta do shraith coinníollacha atá sainithe go soiléir maidir le cáilíochtaí gairmiúla na n-oibreoirí, lena n-áirítear ó thaobh oiliúna de, agus an trealamh is gá sa mhéid go bhfuil na ceanglais sin trédhearcach, neamh-idirdhealaitheach, oibiachtúil agus ábhartha i ndáil le soláthar na seirbhíse calafoirt.

(8) Agus an trealamh is gá ag soláthraí seirbhíse calafoirt, ba cheart go mbeadh sé intuigthe gur leis an soláthraí sin é, nó go bhfuil sé ar cíos aige nó go bhfuil sé ar léas aige agus, ar aon chuma, go bhfuil smacht díreach agus doshéanta aige ar an trealamh, chun a áirithiú gur féidir leis an trealamh sin a úsáid nuair is gá.

(9) Maidir leis an nós imeachta chun an ceart a thabhairt seirbhísí calafoirt a sholáthar i gcás ina gceanglaítear comhlíonadh íoscheanglas, ba cheart go mbeadh an nós imeachta sin trédhearcach, oibiachtúil agus neamh-idirdhealaitheach agus faoin nós imeachta sin ba cheart go mbeadh soláthraithe seirbhísí calafoirt in ann tús a chur le seirbhísí calafoirt go tráthúil.

(10) Ós rud é go mbíonn calafoirt comhdhéanta de limistéir theoranta gheografacha, d'fhéadfadh an rochtain ar an margadh, i gcásanna áirithe, a bheith faoi réir teorainneacha a bhaineann le ganntanas talún nó i gcás ina bhfuil an talamh curtha ar leataobh le haghaidh cineáil áirithe gníomhaíochtaí i gcomhréir le plean forbartha foirmiúil ina bpleanáiltear ar bhealach trédhearcach úsáid na talún agus le reachtaíocht ábhartha náisiúnta amhail reachtaíocht a bhaineann le cuspóirí pleanála bailte agus tíortha.

(11) Ba cheart don údarás inniúil aon rún chun líon na soláthraithe seirbhísí calafoirt a theorannú a fhoilsiú roimh ré agus ba cheart go mbeadh bonn cirt iomlán leis, chun an deis a thabhairt do pháirtithe leasmhara barúlacha a thabhairt. Ba cheart go mbeadh na critéir le haghaidh aon teorann oibiachtúil, trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach.

(12) Chun a bheith oscailte agus trédhearcach, ba cheart an nós imeachta chun soláthraithe seirbhísí calafoirt a roghnú agus torthaí an nós imeachta sin a chur ar fáil go poiblí agus ba cheart an doiciméadú iomlán a chur in iúl do na páirtithe leasmhara.

(13) Ba cheart go mbeadh an nós imeachta roghnúcháin do sholáthraithe seirbhísí calafoirt, i gcás ina bhfuil líon na soláthraithe sin teoranta, ag cloí leis na prionsabail agus leis an gcur chuige a cinneadh i dTreoir ../../… [lamháltas][7], lena n-áirítear an tairseach agus an modh chun luach na gconarthaí a chinneadh chomh maith leis an sainmhíniú ar mhodhnuithe substaintiúla agus na gnéithe a bhaineann le fad an chonartha.

(14) Níor cheart go mbeadh bonn cirt le dul ar iontaoibh oibleagáidí seirbhíse poiblí a bhfuil teorainn le líon soláthraithe seirbhíse calafoirt mar thoradh orthu ach ar chúiseanna leas an phobail chun rochtain gach úsáideora ar an tseirbhís chalafoirt, infhaighteacht na seirbhíse calafoirt ar feadh na bliana nó inacmhainneacht na seirbhíse calafoirt do chatagóir áirithe úsáideoirí a áirithiú.

(15) I gcás inar gá teorainn a chur le líon na soláthraithe seirbhísí calafoirt, d'fhéadfadh an Ballstát an cinneadh maidir leis an teorainn sin a thabhairt d'údarás eile chun iomaíocht a chosaint. Ba cheart go mbeadh aon teorainn le líon na soláthraithe seirbhísí calafoirt ag cloí le nós imeachta atá oscailte, trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach. Níor cheart go mbeadh sé sin amhlaidh, áfach, i gcás ina gcuirfear oibleagáidí seirbhíse poiblí go díreach ar údarás inniúil nó oibreoir inmheánach.

(16) Ní chuirtear bac sa Rialachán seo ar údaráis inniúla cúiteamh a thabhairt as na hoibleagáidí seirbhíse poiblí a chur i gcrích ar choinníoll go gcomhlíontar na rialacha is infheidhme maidir le Státchabhair. I gcás ina gcáilíonn oibleagáidí seirbhíse poiblí mar sheirbhís ar mhaithe leis an leas eacnamaíoch i gcoitinne ba cheart comhlíonadh a áirithiú i ndáil le Cinneadh ón gCoimisiún an 20 Samhain 2011 maidir le hAirteagal 106(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a chur i bhfeidhm i bhfoirm cúitimh seirbhíse poiblí arna thabhairt do ghnóthais áirithe a bhfuil de chúram orthu seirbhísí ar mhaithe leis an leas eacnamaíoch i gcoitinne a oibriú[8], Rialachán (AE) Uimh. 360/2012 ón gCoimisiún an 25 Aibreán 2012 maidir le hAirteagal 107 agus Airteagal 108 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a chur i bhfeidhm ar chabhair *de minimis* arna tabhairt do ghnóthais a sholáthraíonn

[7] Togra le haghaidh Treorach maidir le conarthaí lamháltais a thabhairt (COM 2011) 897 final
[8] IO L 7, 11.01.2012, lch. 3.

seirbhísí ar mhaithe leis an leas eacnamaíoch i gcoitinne[9] agus creat an Aontais Eorpaigh maidir le Státchabhair i bhfoirm cúitimh seirbhíse poiblí[10].

(17) Níor cheart go ndéanfadh comhlacht bainistíochta an chalafoirt idirdhealú idir soláthraithe seirbhísí calafoirt, go háirithe i bhfabhar gnóthais nó comhlachta ar leas leis é.

(18) Ba cheart an rogha a bheith ag údaráis inniúla atá ainmnithe i mBallstát an cinneadh a dhéanamh maidir le seirbhísí calafoirt le hoibleagáidí seirbhíse poiblí a sholáthar iad féin nó soláthar na seirbhísí sin a chur go díreach de chúram ar oibreoir inmheánach. I gcás ina gcinneann údarás inniúil an tseirbhís a sholáthar é féin, d'fhéadfadh sé sin soláthar seirbhísí ag gníomhairí arna bhfostú ag an údarás inniúil nó arna gcoimisiúnú ag an údarás inniúil a chumhdach. I gcás ina gcuirtear teorainn den chineál sin i bhfeidhm san calafoirt TEN-T ar fad i gcríoch Ballstáit, ba cheart an Coimisiún a chur ar an eolas. Nuair is iad na húdaráis inniúla i mBallstát a dhéanann an rogha sin, níor cheart soláthar na seirbhísí calafoirt ag na hoibreoirí inmheánacha a bheith teoranta ach don chalafort nó do na calafoirt dár ainmníodh na hoibreoirí inmheánacha sin. Anuas air sin, i gcásanna mar sin, ba cheart na muirir ar sheirbhísí calafoirt arna gcur i bhfeidhm ag oibreoir den chineál sin a bheith faoi réir maoirseachta ó chomhlacht maoirseachta neamhspleách.

(19) Ba cheart do na Ballstáit an chumhacht a choinneáil chun leibhéal leordhóthanach cosanta sóisialta a áirithiú i gcomhair foirne gnóthas a sholáthraíonn seirbhísí calafoirt. Ní bheidh tionchar ag an Rialachán seo ar chur i bhfeidhm rialacha sóisialta agus saothair na mBallstát. I gcás ina bhfuil teorainn le líon na soláthraithe seirbhísí calafoirt agus i gcás ina bhféadfadh athrú ar an oibreoir seirbhísí calafoirt a bheith i gceist le conradh seirbhísí calafoirt a thabhairt i gcrích, ba cheart go bhféadfadh údaráis inniúla iarraidh ar an oibreoir seirbhísí roghnaithe forálacha Threoir 2001/23/CE ón gComhairle maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le cosaint chearta na bhfostaithe i gcás aistriú gnóthas, gnólachtaí nó codanna de ghnóthais nó de ghnólachtaí[11] a chur i bhfeidhm.

(20) I gcás go leor calafort, tugtar an rochtain ar an margadh do sholáthraithe seirbhísí láimhseála lastais agus seirbhísí paisinéirí i gcríochfoirt trí bhíthin conarthaí lamháltais poiblí. Cumhdófar an cineál sin conarthaí i dTreoir ..../…[lamháltais]. Dá bhrí sin, níor cheart feidhm a bheith ag Caibidil II den Rialachán seo maidir le soláthar seirbhísí láimhseála lastais agus seirbhísí paisinéirí, ach ba cheart cead a bheith ag na Ballstáit fós an cinneadh a dhéanamh rialacha na Caibidle sin a chur i bhfeidhm mar sin féin ar an dá sheirbhís sin. I dtaca le cineálacha eile conarthaí arna n-úsáid ag na húdaráis phoiblí chun rochtain ar an margadh seirbhísí láimhseála lastais agus margadh seirbhísí paisinéirí i gcríochfoirt a thabhairt, tá sé deimhnithe ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh go bhfuil na húdaráis inniúla faoi cheangal ag na prionsabail maidir le trédhearcacht agus neamh-idirdhealú agus na conarthaí sin á dtabhairt i gcrích. Tá na prionsabail sin infheidhme ina n-iomláine maidir le soláthar aon seirbhíse calafoirt.

(21) Ba cheart an caidreamh airgeadais idir calafoirt a fhaigheann cistí poiblí agus soláthraithe seirbhísí calafoirt ar thaobh amháin, agus údaráis phoiblí ar an taobh eile a bheith trédhearcach chun cothrom iomaíochta a áirithiú agus chun saobhadh an mhargaidh a sheachaint. Chuige sin, baineann an Rialachán seo le catagóirí eile ina

---

9 IO L 114, 26.4.2012, lch. 8.

10 IO C 8, 11.01.2012

11 IO L 82, 22.3.2001, lch. 16.

dtugtar aghaidh ar na prionsabail maidir le trédhearcacht caidrimh airgeadais mar atá leagtha amach i dTreoir 2006/111/CE ón gCoimisiún maidir le trédhearcacht caidrimh airgeadais idir na Ballstáit agus gnóthais phoiblí agus chomh maith leis sin maidir le trédhearcacht airgeadais laistigh de ghnóthais áirithe[12] gan dochar dá raon feidhme.

(22) Is gá oibleagáid a chur ar chomhlacht bainistíochta an chalafoirt a fhaigheann cistí poiblí, agus é ag feidhmiú mar sholáthraí seirbhíse freisin, maidir le cuntais a choinneáil do na gníomhaíochtaí arna ndéanamh ina gcáil mar chomhlacht bainistíochta an chalafoirt neamhspleách ar na gníomhaíochtaí arna ndéanamh ar bhonn iomaíoch chun cothrom iomaíochta, trédhearcacht sa leithdháileadh agus úsáid cistí poiblí a áirithiú agus chun saobhadh an mhargaidh a sheachaint. Ar aon chuma, ba cheart comhlíonadh na rialacha maidir le Státchabhair a áirithiú.

(23) Maidir le muirir ar sheirbhísí calafoirt arna gcur i bhfeidhm ag soláthraithe seirbhísí calafoirt nach bhfuil ainmnithe i gcomhréir le nós imeachta atá oscailte, trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach, tá riosca níos airde maidir le mí-úsáid praghsanna i gceist leis na muirir sin i bhfianaise na gcúinsí monaplacha nó olagaplacha faoina bhfuil na soláthraithe sin agus nach féidir dul san iomaíocht lena margadh. Is amhlaidh atá do mhuirir a thoibhíonn oibreoirí inmheánacha de réir bhrí an Rialacháin seo. I dtaca leis na seirbhísí sin, de cheal sásraí le haghaidh margaidh chothroim, ba cheart socruithe a dhéanamh chun a áirithiú gur léiriú iad na muirir ar ghnáthdhálaí an mhargaidh ábhartha agus go socraítear iad ar bhealach trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach.

(24) Chun críche éifeachtúlachta, ba cheart na muirir ar bhonneagar calafoirt i ndáil le gach aon chalafort a shocrú ar bhealach trédhearcach agus uathrialach i gcomhréir le straitéis tráchtála agus infheistíochta an chalafoirt féin.

(25) Ba cheart an éagsúlacht i muirir ar bhonneagar calafoirt a cheadú chun loingseoireacht ghearrthurais a chur chun cinn agus chun soithí uisce-iompartha a mhealladh a bhfuil feidhmíocht chomhshaoil nó éifeachtúlacht fuinnimh agus carbóin oibríochtaí iompair acu, go háirithe i gcás na n-oibríochtaí iompair mhuirí amach ón gcósta nó ar an mórthír, atá níos fearr ná an meán. Ba cheart go mbeadh sé sin ina chúnamh chun cur leis na beartais i ndáil leis an gcomhshaol agus athrú aeráide agus forbairt inbhuanaithe an chalafoirt agus thimpeallacht an chalafoirt go háirithe trí lorg comhshaoil na soithí uisce-iompartha a thagann go dtí an calafort agus a fhanann ann a laghdú.

(26) Ba cheart saoráidí leordhóthanacha a bheith ann chun a áirithiú go dtéitear i gcomhairle go rialta le húsáideoirí na gcalafort a n-iarrtar orthu muirear ar bhonneagar calafoirt a íoc agus/nó muirear ar sheirbhísí calafoirt nuair atá an muirear ar bhonneagar calafoirt agus an muirear ar sheirbhísí calafoirt á shainiú agus á athrú. Ba cheart do chomhlachtaí bainistíochta na gcalafort dul i gcomhairle le páirtithe leasmhara eile go rialta freisin maidir leis na príomhcheisteanna a bhaineann le forbairt shlán an chalafoirt, feidhmíocht an chalafoirt agus cumas an chalafoirt gníomhaíochtaí eacnamaíocha a mhealladh agus a ghiniúint amhail an comhordú ar sheirbhísí calafoirt laistigh de limistéar an chalafoirt agus éifeachtúlacht na nasc leis an gcúlchríoch agus na nósanna imeachta riaracháin sna calafoirt.

[12] IO L 318, 17.11.2006, lch. 17.

(27) Chun cur i bhfeidhm cuí agus éifeachtach an Rialacháin seo a áirithiú, ba cheart comhlacht maoirseachta neamhspleách, a d'fhéadfadh a bheith ina chomhlacht cheana féin, a ainmniú i ngach Ballstát.

(28) Ba cheart do na comhlachtaí maoirseachta neamhspleácha éagsúla faisnéis a mhalartú maidir lena gcuid oibre agus ba cheart dóibh comhoibriú chun cur i bhfeidhm aonfhoirmeach an Rialacháin seo a áirithiú.

(29) Chun gnéithe áirithe neamhriachtanacha den Rialachán seo a fhorlíonadh agus a leasú agus go háirithe chun cur i bhfeidhm aonfhoirmeach muirear comhshaoil a chur chun cinn, chun comhtháthú na muirear comhshaoil ar fud an Aontais a threisiú agus chun prionsabail choiteanna i leith muirear a áirithiú maidir le loingseoireacht ghearrthurais a chur chun cinn, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún i ndáil le haicmiú coiteann soithí, breoslaí agus cineálacha oibríochtaí ar a mbraitheann na muirir ar bhonneagar agus na prionsabail choiteanna i leith muirear maidir le muirir ar bhonneagar calafoirt. Tá sé ríthábhachtach go ndéanfaidh an Coimisiún comhairliúchán iomchuí le linn a oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear comhairliúchán le saineolaithe. Agus gníomhartha tarmligthe á n-ullmhú agus á dtarraingt suas aige, ba cheart don Choimisiún a áirithiú go ndéanfar na doiciméid ábhartha a tharchur go comhuaineach, go tráthúil agus go hiomchuí chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle.

(30) Chun dálaí aonfhoirmeacha a áirithiú d'fhonn an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún maidir le socruithe iomchuí le haghaidh malartú faisnéise idir comhlachtaí maoirseachta neamhspleácha. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú a chumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún[13].

(31) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo, eadhon nuachóiriú seirbhísí calafoirt agus an creat iomchuí chun na hinfheistíochtaí is gá a mhealladh sna calafoirt ar fad sa ghréasán iompair tras-Eorpach a áirithiú, a chur i gcrích go leordhóthanach i ngeall ar ghné Eorpach, idirnáisiúnta agus thrasteorann na hearnála calafoirt agus na hearnála muirí lena mbaineann agus dá bhrí sin, i ngeall ar an ngá atá le cothrom iomaíochta san earnáil Eorpach, is féidir iad a chur i gcrích níos fearr ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta mar atá leagtha amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, atá leagtha amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a bhaint amach.

(32) Urramaíonn an Rialachán seo na cearta bunúsacha agus na prionsabail a aithnítear go háirithe i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

13 IO L 55, 28.2.2011, lch. 13.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

# CAIBIDIL I - Ábhar, raon feidhme agus sainmhínithe

*Airteagal 1*

**Ábhar agus raon feidhme**

1. Bunaítear leis an Rialachán seo:

   (a) creat soiléir maidir le rochtain ar an margadh seirbhísí calafoirt;

   (b) rialacha comhchoiteanna maidir leis an trédhearcacht airgeadais agus na muirir atá le cur i bhfeidhm ag comhlachtaí bainistíochta nó soláthraithe seirbhísí calafoirt.

2. Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le soláthar na gcatagóirí seo a leanas de sheirbhísí calafoirt, bídís laistigh de limistéar an chalafoirt nó ar an rochtain uiscebhealaí ar na calafoirt agus ó na calafoirt.

   (a) buncaeireacht

   (b) láimhseáil lastais;

   (c) dreidireacht;

   (d) múráil;

   (e) seirbhísí paisinéirí;

   (f) saoráidí glactha calafoirt;

   (g) píolótaíocht agus;

   (h) tuáil.

3. Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le calafoirt uile an ghréasáin iompair thras-Eorpaigh, mar atá sainmhínithe in Iarscríbhinn I de Rialachán XXX [rialachán maidir le Treoirlínte TEN-T].

4. Féadfaidh na Ballstáit an Rialachán seo a chur i bhfeidhm ar chalafoirt eile freisin. Nuair a chinneann na Ballstáit an Rialachán seo a chur i bhfeidhm ar chalafoirt eile cuirfidh siad a gCinneadh in iúl don Choimisiún.

*Airteagal 2*

**Sainmhínithe**

Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

1. ciallaíonn 'buncaeireacht' breosla soladach, leachtach nó gásach nó aon fhoinse fuinnimh eile a sholáthar a úsáidtear chun an soitheach uisce-iompartha a thiomáint agus le haghaidh soláthair ghinearálta agus shonraigh fuinnimh ar bord an tsoithigh uisce-iompartha fad is atá sé calaithe i gcalafort;

2. ciallaíonn 'seirbhísí láimhseála lastais' lastas a eagrú agus a láimhseáil idir an soitheach uisce-iompartha iomprach agus an cladach chun críche allmhairiú, onnmhairiú nó idirthuras an lastais, lena n-áirítear próiseáil, iompar agus stóráil shealadach an lastais sa chríochfort ábhartha láimhseála lastais agus a bhaineann go díreach le hiompar an lastais, ach ní áirítear trádstóráil, díluchtú, athphacáistiú nó aon seirbhísí breisluacha a bhaineann leis an lastas láimhseáilte;

3. ciallaíonn 'dreidireacht' gaineamh, dríodar nó substaintí eile a bhaint ó ghrinneall bhealach isteach na n-uiscebhealaí ar an gcalafort le go mbeidh soithí uisce-iompartha in ann rochtain a fháil ar an gcalafort agus ina gcuimsítear an bhaint tosaigh (dreidireacht chaipitiúil) agus an dreidireacht chothabhála araon chun rochtain ar an uiscebhealach a áirithiú i gcónaí;

4. ciallaíonn 'saoráid riachtanach calafoirt' saoráid nach féidir déanamh dá huireasa chun seirbhís chalafoirt a dhéanamh agus nach féidir a mhacasamhlú faoi ghnáthdhálaí an mhargaidh;

5. ciallaíonn 'comhlacht bainistíochta an chalafoirt' aon chomhlacht poiblí nó príobháideach a bhfuil sé mar chuspóir aige faoin dlí náisiúnta nó faoi ionstraimí náisiúnta riarachán agus bainistíocht a dhéanamh ar bhonneagair an chalafoirt agus trácht an chalafoirt, agus gníomhaíochtaí na n-oibreoirí atá i láthair sa chalafort lena mbaineann a chomhordú agus, nuair is iomchuí, a rialú bíodh sin i gcomhcheangal le gníomhaíochtaí eile nó ná bíodh;

6. ciallaíonn 'múráil' na seirbhísí calaithe agus díchalaithe is gá le haghaidh soithigh uisce-iompartha á chur ar ancaire nó á fheistiú don chladach nó i rochtain uiscebhealaí ar an gcalafort ar bhealach eile;

7. ciallaíonn 'seirbhísí paisinéirí' eagrú agus láimhseáil paisinéirí idir an soitheach uisce-iompartha agus an cladach agus san áireamh freisin tá sonraí pearsanta a phróiseáil agus na paisinéirí a iompar laistigh den chríochfort ábhartha paisinéirí;

8. ciallaíonn 'píolótaíocht' seirbhís treoraíochta soithigh uisce-iompartha ó phíolóta nó ó stáisiún píolótaíochta chun teacht isteach agus dul amach sábháilte an tsoithigh i mbealach isteach uiscebhealaí ar an gcalafort a áirithiú;

9. ciallaíonn 'muirear ar bhonneagar calafoirt' táille arna bailiú chun tairbhe dírí nó indírí chomhlacht bainistíochta an chalafoirt agus arna híoc ag oibreoirí soithí uisce-iompartha nó úinéirí lastais as saoráidí agus seirbhísí a úsáid le gur féidir le soithí teacht isteach sa chalafort agus dul amach as, lena n-áirítear na huiscebhealaí a thugann rochtain ar na calafoirt sin, chomh maith le rochtain ar phróiseáil na bpaisinéirí agus an lastais;

10. ciallaíonn 'saoráid glactha calafoirt' aon saoráid atá seasta, ar snámh nó soghluaiste agus inar féidir dramhaíl long-ghinte nó iarmhair lastais a fháil mar atá sainmhínithe i dTreoir 2000/59/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le saoráidí glactha calafoirt le haghaidh dramhaíola long-ghinte agus iarmhar lastais[14];

11. ciallaíonn 'muirear ar sheirbhísí calafoirt' táille arna bailiú chun tairbhe sholáthraí na seirbhísí calafoirt agus arna híoc ag úsáideoirí na seirbhíse ábhartha;

12. ciallaíonn 'conradh seirbhísí calafoirt' comhaontú foirmiúil lena ngabhann ceangal dlí idir soláthraí seirbhíse calafoirt agus údarás inniúil faoina n–ainmníonn an comhlacht sin soláthraí seirbhíse calafoirt chun seirbhísí calafoirt a sholáthar de réir nós imeachta chun teorainn a chur le líon na soláthraithe seirbhísí calafoirt.

13. ciallaíonn 'soláthraí seirbhísí calafoirt' aon duine nádúrtha nó dlítheanach a sholáthraíonn, ar luach saothair, ceann amháin nó níos mó de chatagóirí seirbhísí calafoirt atá liostaithe in Airteagal 1(2), nó ar mian leis iad a sholáthar.

---

14 IO L 332, 28.12.2000, lch. 81-90.

14. ciallaíonn 'oibleagáid seirbhíse poiblí' ceanglas arna shainmhíniú nó arna chinneadh chun soláthar na seirbhísí calafoirt sin a áirithiú ar mhaithe leis an leas i gcoitinne nach nglacfadh oibreoir air féin, dá mbeadh sé ag féachaint dá leasanna tráchtála féin, nó nach nglacfadh sé air féin an oiread céanna nó faoi na coinníollacha céanna;

15. ciallaíonn 'loingseoireacht ghearrthurais' gluaiseacht lastais agus paisinéirí ar an bhfarraige idir calafoirt atá lonnaithe go geografach san Eoraip nó idir na calafoirt sin agus calafoirt atá lonnaithe i dtíortha lasmuigh den Eoraip a bhfuil imeallbhord acu leis na mara intíre ar an teorainn leis an Eoraip.

16. ciallaíonn 'calafort' limistéar talún agus uisce atá comhdhéanta d'oibreacha agus de threalamh den chineál sin a cheadaíonn, go príomha, glacadh le longa, iad a luchtú agus a dhíluchtú, earraí a stóráil, na hearraí sin a ghlacadh agus a sheachadadh agus paisinéirí a bhordáil agus a dhíbhordáil; agus aon bhonneagar eile is gá d'oibreoirí iompair laistigh de limistéar an chalafoirt;

17. ciallaíonn 'tuáil' an chabhair arna tabhairt do shoitheach uisce-iompartha le tuga le gur féidir teacht isteach sa chalafort agus dul amach as go sábháilte trí chabhrú le hainliú an tsoithigh uisce-iompartha;

18. ciallaíonn 'rochtain uiscebhealaí ar chalafort' rochtain uisce ar an gcalafort ón bhfarraige oscailte, amhail ascnaimh chalafoirt, seolbhealaí, aibhneacha, canálacha mara agus fiordanna.

# CAIBIDIL II – Rochtain ar an margadh

*Airteagal 3*

**Saoirse chun seirbhísí a sholáthar**

1. Beidh feidhm ag an tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar i gcalafoirt arna gcumhdach faoin Rialachán seo maidir le soláthraithe seirbhísí calafoirt atá bunaithe san Aontas faoi na coinníollacha atá leagtha amach sa Chaibidil seo.

2. Beidh rochtain ag soláthraithe seirbhísí calafoirt ar shaoráidí riachtanacha calafoirt a mhéid is gá le gur féidir leo a ngníomhaíochtaí a chur i gcrích. Beidh téarmaí na rochtana cothrom, réasúnach agus neamh-idirdhealaitheach.

*Airteagal 4*

**Na híoscheanglais maidir le seirbhísí calafoirt a sholáthar**

1. Féadfaidh comhlacht bainistíochta an chalafoirt a cheangal ar sholáthraithe seirbhísí calafoirt na híoscheanglais a chomhlíonadh chun an tseirbhís chalafoirt chomhfhreagrach a dhéanamh.

2. Ní fhéadfaidh na híoscheanglais dá bhforáiltear i mír 1 a bheith bainteach, más infheidhme, ach le:

   (a) cáilíochtaí gairmiúla an tsoláthraí seirbhíse calafoirt, a phearsanra nó na daoine nádúrtha a bhainistíonn gníomhaíochtaí an tsoláthraí seirbhíse calafoirt go héifeachtach agus go leanúnach;

   (b) an trealamh is gá chun an tseirbhís ábhartha chalafoirt a sholáthar faoi ghnáthdhálaí agus dálaí sábháilte agus an cumas chun an trealamh sin a chothabháil ar an leibhéal iomchuí;

(c) comhlíonadh ceanglas maidir le sábháilteacht mhuirí nó sábháilteacht agus slándáil an chalafoirt nó na rochtana air, na fearais, an trealamh agus na daoine;

(d) comhlíonadh ceanglas comhshaoil ar leibhéal áitiúil, náisiúnta, ar leibhéal an Aontais agus go hidirnáisiúnta.

3. Beidh na híoscheanglais trédhearcach, neamh-idirdhealaitheach, oibiachtúil agus ábhartha maidir le catagóir agus nádúr na seirbhísí calafoirt lena mbaineann.

4. I gcás ina n-áirítear sna híoscheanglais eolas sonrach áitiúil nó eolas ar choinníollacha áitiúla, áiritheoidh comhlacht bainistíochta an chalafoirt go bhfuil rochtain leordhóthanach ar oiliúint ábhartha, faoi choinníollacha trédhearcacha agus neamh-idirdhealaitheacha, seachas i gcás ina n-áirithíonn an Ballstát rochtain leordhóthanach ar oiliúint den chineál sin.

5. Sna cásanna dá bhforáiltear i mír 1, beidh na híoscheanglais dá dtagraítear i mír 2 agus an nós imeachta maidir leis an gceart a thabhairt seirbhísí calafoirt a sholáthar faoi na ceanglais sin foilsithe ag comhlacht bainistíochta an chalafoirt faoin 1 Iúil 2015 nó i gcás íoscheanglas a bheidh infheidhme tar éis an dáta sin, foilseofar iad trí mhí ar a laghad roimh an dáta ar a mbeadh na ceanglais sin infheidhme. Cuirfear soláthraithe seirbhísí calafoirt ar an eolas roimh ré maidir le haon athrú ar na critéir agus ar an nós imeachta.

*Airteagal 5*

**An nós imeachta chun comhlíonadh íoscheanglas a áirithiú**

1. Caithfidh comhlacht bainistíochta an chalafoirt go cothrom le soláthraithe seirbhísí calafoirt agus gníomhóidh sé ar bhealach trédhearcach.

2. Tabharfaidh nó diúltóidh comhlacht bainistíochta an chalafoirt an ceart chun seirbhísí calafoirt a sholáthar ar bhonn na n-íoscheanglas a bhunaítear i gcomhréir le hAirteagal 4 laistigh de mhí amháin tar éis an iarraidh ar an gceart sin a thabhairt a fháil. Beidh bonn cirt cuí le gach diúltú, bunaithe ar chritéir oibiachtúla, thrédhearcacha, neamh-idirdhealaitheacha agus chomhréireacha.

3. Ní fhéadfar bonn cirt a chur le haon teorainn le tréimhse an chinnidh arna éisiúint i gcomhréir le mír 2 ach i gcás forais a bhaineann le cineál agus nádúr na seirbhíse calafoirt.

*Airteagal 6*

**Teorainneacha le líon na soláthraithe seirbhísí calafoirt**

1. De mhaolú ar Airteagal 3, féadfaidh comhlacht bainistíochta an chalafoirt teorainn a chur le líon na soláthraithe seirbhísí calafoirt do chalafort faoi leith ar cheann amháin nó níos mó de na cúiseanna seo a leanas:

(a) ganntanas nó úsáid fhorchoimeádta na talún ar choinníoll gur féidir leis an gcomhlacht bainistíochta a thaispeáint gur saoráid riachtanach calafoirt é an talamh chun an tseirbhís chalafoirt a sholáthar agus go bhfuil an teorainn i gcomhréir le plean forbartha foirmiúil an chalafoirt mar atá comhaontaithe ag comhlacht bainistíochta an chalafoirt agus, más iomchuí, ag aon údaráis inniúla phoiblí eile de réir na reachtaíochta náisiúnta;

(b) na hoibleagáidí seirbhíse poiblí dá bhforáiltear in Airteagal 8, a mhéid is féidir le heasnamh teorann bac a chur ar fheidhmiú na n-oibleagáidí arna sannadh do na soláthraithe seirbhísí calafoirt.

2. Foilseoidh comhlacht bainistíochta an chalafoirt aon togra maidir le mír 1 a chur i bhfeidhm ar a laghad sé mhí roimh ré chomh maith leis an bhforas, ina dtugtar an deis d'aon pháirtí leasmhar barúlacha a thabhairt laistigh de thréimhse réasúnta.

3. Foilseoidh comhlacht bainistíochta an chalafoirt an cinneadh a ghlacfar.

4. I gcás ina soláthraíonn comhlacht bainistíochta calafoirt seirbhísí calafoirt é féin nó trí eintiteas dlíthiúil ar leith a rialaíonn sé go díreach nó go hindíreach, féadfaidh an Ballstát glacadh an chinnidh lena gcuirtear teorainn le líon na soláthraithe seirbhísí calafoirt a chur de chúram ar údarás atá neamhspleách ar chomhlacht bainistíochta an chalafoirt. Mura gcuirfidh an Ballstát glacadh an chinnidh lena gcuirtear teorainn le líon na soláthraithe seirbhísí calafoirt de chúram ar údarás den chineál sin, ní bheidh líon na soláthraithe níos lú ná dhá cheann.

*Airteagal 7*

**An nós imeachta maidir le teorainn a chur le líon na soláthraithe seirbhísí calafoirt**

1. Beidh nós imeachta roghnúcháin i gceist le haon teorainn a chuirfear le líon na soláthraithe seirbhísí calafoirt i gcomhréir le hAirteagal 6 agus beidh sé ar oscailt do na páirtithe leasmhara ar fad, atá neamh-idirdhealaitheach agus trédhearcach.

2. Má sháraíonn luach measta na seirbhíse calafoirt an tairseach atá sainmhínithe i mír 3, beidh feidhm ag na rialacha maidir leis an nós imeachta deonúcháin, na ráthaíochtaí nós imeachta agus uastréimhse na lamháltas mar atá leagtha amach i dTreoir …./…. [lamháltas].

3. Beidh an tairseach agus an modh chun luach na seirbhíse calafoirt a chinneadh mar atá i bhforálacha ábhartha agus infheidhme Threoir …./…. [lamháltas].

4. Tabharfaidh an soláthraí nó na soláthraithe roghnaithe agus comhlacht bainistíochta an chalafoirt conradh seirbhísí calafoirt i gcrích.

5. Chun críocha an Rialacháin seo, measfar gur conradh nua seirbhísí calafoirt é modhnú substaintiúil de réir bhrí Threoir …./… [lamháltas] ar na forálacha maidir le conradh seirbhísí calafoirt le linn a théarma agus éileofar leis nós imeachta nua dá dtagraítear i mír 2.

6. Ní bheidh feidhm ag míreanna 1 go 5 den Airteagal seo sna cásanna dá dtagraítear in Airteagal 9.

7. Tá an Rialachán seo gan dochar do Threoir …/… [lamháltas] [15], Treoir …./….[fóntais phoiblí][16] agus Treoir …/… [soláthar poiblí][17]

*Airteagal 8*

**Oibleagáidí seirbhíse poiblí**

1. Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh oibleagáidí seirbhíse poiblí a bhaineann le seirbhísí calafoirt a fhorchur ar sholáthraithe chun na nithe seo a leanas a áirithiú:

   (a) infhaighteacht na seirbhíse gan bhriseadh i rith an lae, na hoíche, na seachtaine agus na bliana;

---

[15] Togra le haghaidh Treorach maidir le conarthaí lamháltais a thabhairt (COM 2011) 897 final

[16] Togra le haghaidh Treorach maidir le soláthar ag eintitis atá ag oibriú in earnálacha an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus na seirbhísí poist (COM/2011/0895 final)

[17] Togra le haghaidh Treorach maidir le soláthar poiblí (COM/2011/0896 final)

(b) infhaighteacht na seirbhíse le haghaidh gach úsáideora;

(c) inacmhainneacht na seirbhíse do chatagóirí áirithe úsáideoirí.

2. Beidh na hoibleagáidí dá dtagraítear i mír 1 sainmhínithe go soiléir, trédhearcach, neamh-idirdhealaitheach, infhíoraithe agus tabharfar ráthaíocht leo maidir le cothrom rochtana do gach soláthraí seirbhísí calafoirt atá bunaithe san Aontas.

3. Ainmneoidh na Ballstáit na húdaráis inniúla laistigh dá gcríoch a fhorchuirfidh oibleagáidí seirbhíse poiblí den chineál sin. Féadfaidh comhlacht bainistíochta an chalafoirt a bheith mar an údarás inniúil.

4. I gcás nach mar a chéile an t-údarás inniúil arna ainmniú i gcomhréir le mír 3 agus comhlacht bainistíochta an chalafoirt, feidhmeoidh an t-údarás inniúil sin na cumhachtaí dá bhforáiltear in Airteagal 6 agus in Airteagal 7 maidir leis an teorainn le líon na soláthraithe seirbhísí calafoirt bunaithe ar oibleagáidí seirbhíse poiblí.

5. Má chinneann an t-údarás inniúil oibleagáidí seirbhíse poiblí a fhorchur sna calafoirt ar fad arna gcumhdach faoin Rialachán seo i mBallstát, cuirfidh sé na hoibleagáidí sin in iúl don Choimisiún.

6. I gcás briste i seirbhísí calafoirt dá bhforchuirtear oibleagáidí seirbhíse poiblí nó i gcás ina mbíonn riosca láithreach maidir lena leithéid, féadfaidh an t-údarás inniúil beart éigeandála a dhéanamh. Féadfaidh an beart éigeandála a bheith i bhfoirm deonaithe dhírigh chun an tseirbhís a shannadh do sholáthraí eile ar feadh tréimhse nach faide ná bliain. Le linn na tréimhse sin, seolfaidh an t-údarás inniúil nós imeachta nua chun soláthraí seirbhísí calafoirt a roghnú i gcomhréir le hAirteagal 7 nó cuirfidh sé Airteagal 9 i bhfeidhm.

*Airteagal 9*
**Oibreoir inmheánach**

1. Sna cásanna dá bhforáiltear in Airteagal 6(1)(b), féadfaidh an t-údarás inniúil a chinneadh seirbhís chalafoirt a sholáthar é féin faoi oibleagáidí seirbhíse poiblí nó oibleagáidí den chineál sin a fhorchur go díreach ar eintiteas dlíthiúil ar leith a rialaíonn sé amhail mar a rialaíonn sé a ranna féin. I gcás mar sin, measfar gur oibreoir inmheánach é an soláthraí seirbhíse calafoirt chun críche an Rialacháin seo.

2. Measfar nach bhfuil an t-údarás inniúil ag rialú eintitis dhlíthiúil ar leith amhail mar a rialaíonn sé a ranna féin ach amháin má bhíonn tionchar cinntitheach aige ar chuspóirí straitéiseacha agus ar chinntí suntasacha an eintitis dhlíthiúil rialaithe araon.

3. Ní dhéanfaidh an t-oibreoir inmheánach an tseirbhís chalafoirt atá sannta dó ach amháin sna calafoirt inar sannadh dó an tseirbhís chalafoirt a sholáthar.

4. Má chinneann an t-údarás inniúil mír 1 a chur i bhfeidhm sna calafoirt ar fad arna gcumhdach faoin Rialachán seo i mBallstát, cuirfidh sé an méid sin in iúl don Choimisiún.

5. Tá an tAirteagal seo gan dochar do Threoir …./….[lamháltas].

*Airteagal 10*
**Cearta fostaithe a chosaint**

1. Ní bheidh tionchar ag an Rialachán seo ar chur i bhfeidhm rialacha sóisialta agus saothair na mBallstát.

2. Gan dochar don dlí náisiúnta agus do dhlí an Aontais lena n-áirítear comhaontuithe comhchoiteanna idir comhpháirtithe sóisialta, féadfaidh comhlachtaí bainistíochta an chalafoirt ceanglas a chur ar sholáthraí ainmnithe seirbhísí calafoirt arna cheapadh i gcomhréir leis an nós imeachta a bhunaítear le hAirteagal 7, i gcás nach mar a chéile an soláthraí sin agus an soláthraí seirbhísí calafoirt atá ann faoi láthair, cearta a thabhairt don fhoireann a d'fhostaigh an soláthraí seirbhísí calafoirt atá ann faoi láthair roimhe sin, ar cearta iad a mbeidís ina dteideal dá mbeadh aistriú déanta de réir bhrí Threoir 2001/23/CE.

3. I gcás ina gcuireann comhlachtaí bainistíochta an chalafoirt ceanglas ar sholáthraithe seirbhísí calafoirt caighdeáin shóisialta áirithe a chomhlíonadh maidir le seirbhísí ábhartha calafoirt a sholáthar, sna doiciméid tairisceana agus conarthaí seirbhísí calafoirt beidh liosta den fhoireann lena mbaineann agus tabharfar sonraí trédhearcacha maidir lena gcearta conarthacha agus na coinníollacha faoina meastar fostaithe a bheith nasctha leis na seirbhísí calafoirt.

*Airteagal 11*
**Díolúine**

Ní bheidh feidhm ag an gCaibidil seo agus forálacha idirthréimhseacha Airteagal 24 maidir le seirbhísí láimhseála lastais agus seirbhísí paisinéara.

# CAIBIDIL III – Trédhearcacht airgeadais agus uathriail

*Airteagal 12*
**Trédhearcacht caidrimh airgeadais**

1. Léireofar an caidreamh airgeadais idir údaráis phoiblí agus comhlacht bainistíochta an chalafoirt a fhaigheann cistí poiblí ar bhealach trédhearcach sna cuntais chun na nithe seo a leanas a thaispeáint go soiléir:

   (a) na cistí poiblí arna gcur ar fáil go díreach ag údaráis phoiblí do chomhlachtaí bainistíochta an chalafoirt lena mbaineann;

   (b) na cistí poiblí arna gcur ar fáil ag údaráis phoiblí trí idirghabhálaí gnóthas poiblí nó institiúidí poiblí airgeadais; agus

   (c) an úsáid dár sannadh na cistí poiblí sin.

2. I gcás ina soláthraíonn comhlacht bainistíochta an chalafoirt a fhaigheann cistí poiblí na seirbhísí calafoirt é féin, coinneoidh sé cuntais gach gníomhaíochta seirbhíse calafoirt amach ó chuntais a chuid gníomhaíochtaí eile, sa chaoi:

   (a) go sannfar agus go leithdháilfear na costais agus an t-ioncam ar fad ar bhonn na bprionsabal costchuntasaíochta arna gcur i bhfeidhm go comhsheasmhach agus atá inchosanta go hoibiachtúil. agus

   (b) go suífear go soiléir na prionsabail costchuntasaíochta a gcoinnítear cuntais ar leith dá réir.

3. Áireofar sna cistí poiblí dá dtagraítear i mír 1 cistí scairchaipitil nó cuasachaipitiúla, deontais neamh-in-aisíoctha, deontais nach bhfuil aisíoctha ach i gcúinsí áirithe, iasachtaí arna dtabhairt lena n-áirítear rótharraingtí agus réamhíocaíochtaí insteallta caipitil, ráthaíochtaí arna dtabhairt do chomhlacht bainistíochta an chalafoirt ag údaráis phoiblí, díbhinní arna n-íoc amach agus brabúis arna gcoinneáil nó aon chineál tacaíochta airgeadais poiblí eile.

4. Coinneoidh comhlacht bainistíochta an chalafoirt an fhaisnéis maidir leis an gcaidreamh airgeadais dá dtagraítear i mír 1 agus mír 2 den Airteagal seo ar fáil don Choimisiún agus don chomhlacht maoirseachta neamhspleách inniúil dá dtagraítear i Airteagal 17 ar feadh cúig bliana ó dheireadh na bliana fioscaí dá dtagraítear san fhaisnéis.

5. Cuirfidh comhlacht bainistíochta an chalafoirt ar fáil don Choimisiún agus don chomhlacht maoirseachta neamhspleách inniúil, arna iarraidh sin air, aon fhaisnéis bhreise a mheasann siad a bhfuil gá léi chun measúnú críochnúil a dhéanamh ar na sonraí arna gcur isteach agus chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh an Rialacháin seo. Seolfar an fhaisnéis laistigh de dhá mhí ó dháta na hiarrata.

6. Maidir le comhlachtaí bainistíochta an chalafoirt nach bhfuair cistí poiblí i mblianta cuntasaíochta roimhe sin ach atá tosaithe ag baint tairbhe as cistí poiblí, cuirfidh siad mír 1 agus mír 2 ón mbliain chuntasaíochta i ndiaidh aistriú na gcistí poiblí i bhfeidhm.

7. I gcás ina n-íoctar cistí poiblí mar chúiteamh ar oibleagáid seirbhíse poiblí, taispeánfar ar leithligh iad sna cuntais ábhartha agus ní fhéadfar iad a aistriú chuig aon seirbhís nó gníomhaíocht ghnó eile.

*Airteagal 13*
**Muirir ar sheirbhísí calafoirt**

1. Maidir leis na muirir ar sheirbhísí arna soláthar ag oibreoir inmheánach dá dtagraítear in Airteagal 9 agus na muirir arna dtobhach ag soláthraithe seirbhísí calafoirt, i gcásanna ina bhfuil teorainn le líon na soláthraithe nach bhfuil ainmnithe ar bhonn nósanna imeachta atá oscailte, trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach, socrófar iad ar bhealach trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach. Beidh na muirir mar léiriú ar na dálaí ar mhargadh ábhartha iomaíoch agus ní bheidh siad díréireach le luach eacnamaíoch na seirbhíse arna soláthar.

2. Féadfar íocaíocht na muirear ar sheirbhísí calafoirt a chomhtháthú in íocaíochtaí eile, amhail íocaíocht na muirear ar bhonneagar calafoirt. Sa chás sin, áiritheoidh soláthraí na seirbhíse calafoirt agus, más iomchuí, comhlacht bainistíochta an chalafoirt gur féidir le húsáideoir na seirbhíse calafoirt méid an mhuirir ar sheirbhísí calafoirt a shainaithint go héasca.

3. Cuirfidh soláthraí na seirbhíse calafoirt ar fáil don chomhlacht maoirseachta neamhspleách inniúil dá dtagraítear in Airteagal 17, arna iarraidh sin air, faisnéis maidir leis na gnéithe atá mar bhonn le struchtúr agus leibhéal na muirear ar sheirbhísí calafoirt a chinneadh a thagann faoi chur i bhfeidhm mhír 1 den Airteagal seo. Áireofar san fhaisnéis sin an mhodheolaíocht arna húsáid chun na muirir chalafoirt a shocrú maidir leis na saoráidí agus na seirbhísí lena mbaineann na muirir sin ar sheirbhísí calafoirt.

*Airteagal 14*
**Muirir ar bhonneagar calafoirt**

1. Toibheoidh comhlacht bainistíochta an chalafoirt muirear ar bhonneagar calafoirt. Ní chuirfidh sé sin bac ar sholáthraithe seirbhísí calafoirt a úsáideann bonneagair calafort muirir ar sheirbhísí calafoirt a thobhach.

2. Féadfar íocaíocht na muirear ar bhonneagar calafoirt a chomhtháthú in íocaíochtaí eile, amhail íocaíocht na muirear ar sheirbhísí calafoirt. Sa chás sin, áiritheoidh comhlacht bainistíochta an chalafoirt gur féidir le húsáideoir an bhonneagair chalafoirt méid an mhuirir ar bhonneagar calafoirt a shainaithint go héasca.

3. Chun cur le córas éifeachtach muirearaithe ar bhonneagar, saineoidh comhlacht bainistíochta an chalafoirt struchtúr agus leibhéal na muirear ar bhonneagar calafoirt ar bhealach uathrialaitheach de réir a straitéise tráchtála agus a phlean infheistíochta féin lena léireofar dálaí iomaíocha an mhargaidh ábhartha agus i gcomhréir le rialacha maidir le Státchabhair.

4. Gan dochar do mhír 3, is féidir éagsúlacht a bheith idir muirir ar bhonneagar calafoirt i gcomhréir le cleachtais tráchtála a bhaineann le húsáideoirí rialta, nó chun úsáid níos éifeachtúla an bhonneagair chalafoirt, loingseoireacht ghearrthurais nó feidhmíocht ard chomhshaoil, éifeachtúlacht fuinnimh nó éifeachtúlacht carbóin oibríochtaí iompair a chur chun cinn. Beidh na critéir a úsáidfear d'éagsúlacht den chineál sin ábhartha, oibiachtúil, trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach agus tabharfaidh siad aird chuí ar na rialacha iomaíochta. Beidh an éagsúlacht a thiocfaidh as le fáil go háirithe d'úsáideoirí ábhartha ar fad seirbhísí calafoirt ar choinníollacha comhionanna.

5. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 21 maidir le haicmithe coiteanna soithí, breoslaí agus cineálacha oibríochtaí a mbíonn muirir éagsúla ar bhonneagar orthu agus na prionsabail choiteanna muirearaithe do mhuirir ar bhonneagar calafoirt.

6. Cuirfidh comhlacht bainistíochta an chalafoirt úsáideoirí calafort agus ionadaithe nó comhlachais úsáideoirí calafort ar an eolas maidir leis an struchtúr agus na critéir arna n-úsáid chun méid na muirear ar bhonneagar calafoirt a chinneadh, lena n-áirítear costais iomlána agus ioncam iomlán atá mar bhonn chun struchtúr agus leibhéal na muirear ar bhonneagar calafoirt a chinneadh. Cuirfidh sé úsáideoirí na mbonneagar calafoirt ar an eolas maidir le haon athruithe ar mhéid na muirear ar bhonneagar calafoirt nó ar an struchtúr nó na critéir arna n-úsáid chun athruithe den chineál sin a chinneadh ar a laghad trí mhí roimh ré.

7. Cuirfidh comhlacht bainistíochta an chalafoirt ar fáil don chomhlacht maoirseachta neamhspleách inniúil agus don Choimisiún, arna iarraidh sin dó, an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 4 agus na costais mhionsonraithe agus an t-ioncam mionsonraithe atá mar bhonn chun cinneadh a dhéanamh i ndáil le struchtúr agus leibhéal na muirear ar bhonneagar calafoirt agus an mhodheolaíocht arna húsáid chun na muirir ar bhonneagar calafoirt a shocrú maidir leis na saoráidí agus na seirbhísí lena mbaineann na muirir chalafoirt sin.

## *CAIBIDIL IV - Forálacha ginearálta agus críochnaitheacha*

*Airteagal 15*

**Dul i gcomhairle le húsáideoirí calafort**

1. Bunóidh comhlacht bainistíocht an chalafoirt coiste ionadaithe ar a mbeidh oibreoirí soithí uisce-iompartha, úinéirí lastais nó úsáideoirí calafort eile a n-iarrtar orthu muirear ar bhonneagar nó muirear ar sheirbhís chalafoirt nó an dá cheann acu a íoc. Tabharfar 'coiste comhairleach na n-úsáideoirí calafort' ar an gcoiste seo.

2. Rachaidh comhlacht bainistíochta an chalafoirt i gcomhairle ar bhonn bliantúil roimh shocrú na muirear ar bhonneagar calafoirt le coiste comhairleach na n-úsáideoirí calafort maidir le struchtúr agus leibhéal na muirear sin. Rachaidh na soláthraithe seirbhísí calafoirt dá dtagraítear in Airteagal 6 agus Airteagal 9 i gcomhairle ar bhonn bliantúil roimh shocrú na muirear ar sheirbhísí calafoirt le coiste comhairleach na n-úsáideoirí calafort maidir le struchtúr agus leibhéal na muirear sin. Soláthróidh comhlacht bainistíochta an chalafoirt saoráidí leordhóthanacha le haghaidh comhairliúcháin den chineál sin agus cuirfidh na soláthraithe seirbhísí calafoirt torthaí an chomhairliúcháin in iúl dó.

*Airteagal 16*

**Comhairliúchán le páirtithe leasmhara eile**

1. Rachaidh comhlacht bainistíochta an chalafoirt i gcomhairle go rialta le páirtithe leasmhara amhail gnóthais atá bunaithe sa chalafort, soláthraithe seirbhísí calafoirt, oibreoirí soithí uisce-iompartha, úinéirí lastais, oibreoirí iompair de thalamh agus lucht riaracháin phoiblí a fheidhmíonn i limistéar an chalafoirt maidir leis an méid seo a leanas:

   (a) comhordú cuí na seirbhísí calafoirt laistigh de limistéar an chalafoirt;

   (b) bearta chun na naisc leis an gcúlchríoch a fheabhsú agus, más iomchuí, bearta chun éifeachtúlacht na nasc uiscebhealaí inmheánacha agus na nasc iarnróid a fhorbairt agus a fheabhsú;

   (c) éifeachtúlacht na nósanna imeachta riaracháin sa chalafort agus, más iomchuí, bearta a d'fhéadfaí a dhéanamh chun iad a shimpliú.

*Airteagal 17*

**Comhlacht maoirseachta neamhspleách**

1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh comhlacht maoirseachta neamhspleách faireachán agus maoirseacht ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo sna calafoirt ar fad arna gcumhdach faoin Rialachán seo i gcríoch gach Ballstáit.

2. Beidh an comhlacht maoirseachta neamhspleách leithleach go dlíthiúil agus neamhspleách go feidhmiúil ó aon chomhlacht bainistíochta sa chalafort nó ó sholáthraithe seirbhísí calafoirt. Áiritheoidh na Ballstáit a mbeidh seilbh acu ar chalafoirt nó a dhéanfaidh iad a rialú nó comhlachtaí bainistíochta calafort deighilt struchtúrach éifeachtach idir na feidhmeanna a bhaineann le maoirseacht agus faireachán a dhéanamh ar an Rialachán seo agus na gníomhaíochtaí a bhaineann leis an tseilbh nó an rialú sin. Feidhmeoidh comhlacht maoirseachta neamhspleách a gcumhachtaí go neamhchlaonta agus go trédhearcach agus le haird chuí ar an gceart chun gnó a dhéanamh go neamhshrianta.

3. Láimhseálfaidh an comhlacht maoirseachta neamhspleách na gearáin arna ndéanamh ag aon pháirtí a bhfuil leas dlisteanach aige agus na díospóidí a thabharfar os a chomhair a bhaineann le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo.

4. I gcás ina n-eascróidh an díospóid idir páirtithe atá bunaithe i mBallstáit éagsúla, beidh inniúlacht ag comhlacht maoirseachta neamhspleách an Bhallstáit ina bhfuil an calafort a mheastar gurb ann a thosaigh an díospóid chun an díospóid a réiteach.

5. Beidh an ceart ag an gcomhlacht maoirseachta neamhspleách a chur de cheangal ar chomhlachtaí bainistíochta na gcalafort, soláthraithe seirbhísí calafoirt agus

úsáideoirí calafort faisnéis a chur isteach a bhfuil gá léi chun faireachán agus maoirseacht ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo a áirithiú.

6. Féadfaidh an comhlacht maoirseachta neamhspleách tuairimí a eisiúint arna iarraidh sin d'údarás inniúil sa Bhallstát maidir le haon cheisteanna a bhaineann le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo.

7. Féadfaidh an comhlacht maoirseachta neamhspleách dul i gcomhairle le coiste comhairleach na n-úsáideoirí calafort sa chalafort lena mbaineann agus é ag plé leis na gearáin nó díospóidí.

8. Beidh na cinntí a dhéanfaidh an comhlacht maoirseachta neamhspleách ina gceangal, gan dochar d'athbhreithniú breithiúnach.

9. Cuirfidh na Ballstáit céannacht na gcomhlachtaí maoirseachta neamhspleácha in iúl don Choimisiún faoin 1 Iúil 2015 ar a dhéanaí agus cuirfidh siad aon mhodhnú a dhéanfar uirthi ina dhiaidh sin in iúl dó freisin. Foilseoidh an Coimisiún agus tabharfaidh sé cothrom le dáta liosta na gcomhlachtaí maoirseachta neamhspleácha ar a láithreán gréasáin.

*Airteagal 18*

**Comhar idir comhlachtaí maoirseachta neamhspleácha**

1. Malartóidh comhlachtaí maoirseachta neamhspleácha faisnéis faoina gcuid oibre agus faoina bprionsabail agus cleachtais cinnteoireachta chun cur chun feidhme aonfhoirmeach an Rialacháin seo a éascú. Chun na críche sin, beidh siad rannpháirteach agus oibreoidh siad le chéile i líonra a thagann le chéile ar bhonn rialta agus ar a laghad uair sa bhliain. Beidh an Coimisiún rannpháirteach in obair an líonra, déanfaidh sé í a chomhordú agus tacóidh sé léi.

2. Beidh dlúthchomhar idir comhlachtaí maoirseachta neamhspleácha chun críocha cúnaimh fhrithpháirtigh ina gcúraimí, lena n-áirítear imscrúduithe a dhéanamh is gá chun déileáil le gearáin agus díospóidí i gcásanna a bhaineann le calafoirt i mBallstáit éagsúla. Chun na críche sin, cuirfidh comhlacht maoirseachta neamhspleách ar fáil do chomhlacht eile den chineál sin, tar éis iarraidh chuí-réasúnaithe a fháil, an fhaisnéis is gá le gur féidir leis an gcomhlacht sin a fhreagrachtaí faoin Rialachán seo a chomhlíonadh.

3. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfidh na comhlachtaí maoirseachta, tar éis iarraidh réasúnaithe a fháil, an fhaisnéis is gá ar fáil don Choimisiún le gur féidir leis a chúraimí a chur i gcrích. Beidh an fhaisnéis arna hiarraidh ag an gCoimisiún i gcomhréir le feidhmiú na gcúraimí sin.

4. I gcás ina measann an comhlacht maoirseachta neamhspleách go bhfuil an fhaisnéis faoi rún i gcomhréir le rialacha an Aontais nó rialacha náisiúnta maidir le rúndacht ghnó, áiritheoidh an comhlacht maoirseachta náisiúnta eile agus an Coimisiún rúndacht den chineál sin. Ní fhéadfar an fhaisnéis sin a úsáid ach chun na críche dár iarradh í.

5. Bunaithe ar thaithí na gcomhlachtaí maoirseachta neamhspleácha agus ar ghníomhaíochtaí an líonra dá dtagraítear i mír 1, agus chun comhar éifeachtúil a áirithiú, féadfaidh an Coimisiún prionsabail choiteanna a ghlacadh maidir leis na socruithe iomchuí le haghaidh malartú faisnéise idir comhlachtaí maoirseachta neamhspleácha. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 22(2).

*Airteagal 19*
***Achomhairc***

1. Beidh an ceart ag aon pháirtí leasmhar chun achomharc a dhéanamh in aghaidh na gcinntí nó na mbeart aonair arna ndéanamh faoin Rialachán seo ag na húdaráis inniúla, ag comhlacht bainistíochta an chalafoirt nó ag an gcomhlacht maoirseachta neamhspleách le comhlacht achomhairc atá neamhspleách ar na páirtithe lena mbaineann. Féadfaidh cúirt a bheith ina comhlacht achomhairc.
2. I gcás nach bhfuil an comhlacht achomhairc dá dtagraítear i mír 1 de chineál breithiúnach, tabharfaidh sé fáthanna i scríbhinn lena chinntí. Beidh a chinntí faoi réir athbhreithnithe ag cúirt náisiúnta freisin.

*Airteagal 20*
***Pionóis***

Leagfaidh na Ballstáit síos na rialacha maidir leis na pionóis a bheidh infheidhmithe i leith sáruithe ar fhorálacha an Rialacháin seo agus glacfaidh siad na bearta uile is gá chun a áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Ní mór na pionóis dá bhforáiltear a bheith éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. Tabharfaidh na Ballstáit fógra faoi na forálacha sin don Choimisiún faoin 1 Iúil 2015 ar a dhéanaí agus tabharfaidh siad fógra don Choimisiún gan mhoill faoi aon leasú ina dhiaidh sin a dhéanfadh difear dóibh.

*Airteagal 21*
***An tarmligean a fheidhmiú***

1. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh faoi réir na gcoinníollacha atá leagtha síos san Airteagal seo.
2. Déanfar tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 14 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe.
3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 14 a chúlghairm tráth ar bith. Leis an gcinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Beidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta níos déanaí a shonrófar sa chinneadh sin. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon cheann de na gníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana féin.
4. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra ina leith go comhuaineach do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.
5. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 14 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dheireadh na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Cuirfear síneadh 2 mhí leis an tréimhse sin ar thionscnamh ó Pharlaimint na hEorpa nó ón gComhairle.

*Airteagal 22*
**Nós imeachta coiste**

1. Beidh coiste de chúnamh ag an gCoimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.
2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

*Airteagal 23*
**Tuarascáil**

Tráth nach déanaí ná trí bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le feidhmiú agus éifeacht an Rialacháin seo, lena ngabhfaidh, más iomchuí, tograí ábhartha.

*Airteagal 24*
**Bearta idirthréimhseacha**

1. Na conarthaí seirbhísí calafoirt a tugadh i gcrích roimh [an dáta a nglacfar an Rialachán] agus ar cuireadh de chúram orthu soláthraithe seirbhísí calafoirt a roghnú bunaithe ar nós imeachta oscailte, trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach nó a chomhlíonann rialacha an Rialacháin seo ar bhealach eile, leanfaidh siad de bheith bailí go rachaidh siad in éag.
2. Na conarthaí a tugadh i gcrích roimh [an dáta a nglacfar an Rialachán] agus nach gcomhlíonann na coinníollacha atá tugtha i mír 1, leanfaidh siad de bheith bailí go rachaidh siad in éag ach ní tar éis 1 Iúil 2025.

*Airteagal 25*
**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige le héifeacht ón 1 Iúil 2015.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |